Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# IS - Is Cuid den Saol é Anois

## Straitéis Náisiúnta um Intleacht Shaorga d'Éirinn



Ullmhaithe ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

**gov.ie**

# Brollach an Aire

Tá an domhan ag athrú. Táimid ag éirí níos glaise, níos inbhuanaithe, agus níos digití. Cuireadh dlús leis na hathruithe sin ó thosaigh géarchéim COVID-19. Thar oíche, bhí ar ghnólachtaí agus ar oibrithe oiriúnú d'fhírinne nua, glacadh le teicneolaíochtaí nua agus le bealaí úra oibre. Tá ár saol á athrú leis an digitiú agus beidh ár ngeilleagar, agus an intleacht saorga (IS) ar thús cadhnaíochta an athraithe sin. Agus muid ag dul ar aghaidh go dtí luathchéimeanna an téarnaimh, caithfimid féachaint chun tosaigh ar na deiseanna a sholáthraítear leis an IS agus le teicneolaíochtaí eile chun sochaí agus geilleagar atá níos láidre, níos córa agus níos athléimní a chothú.

Ní teicneolaíocht na todhchaí é IS, ach teicneolaíocht an lae inniu. Agus a chur i bhfeidhm leathan sna hearnálacha ar fad, agus a ardchumas le haghaidh tionchair, fáis agus cur le feabhas a chur ar iomaíocht á gcur san áireamh, tá IS ar cheann de na teicneolaíochtaí lena bhfuil an acmhainn is mó do bhunathrú i ngach réimse gníomhaíochta táirgiúla. Ach ní sin amháin, cuireann IS deiseanna suntasacha ar fáil maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta phráinneacha agus iad a shárú agus luach agus féidearthachtaí nua a chruthú do chách, ní don gheilleagar amháin. Dá réir sin, leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta IS treo ardleibhéil, ionas go mbeimid breá ábalta leas a bhaint as IS mar fhórsa dearfach le haghaidh bunathrú.

Cuirtear taca faoinár Straitéis le trí phríomhphrionsabal chun deiseanna IS a chuimsiú ar an mbealach is fearr – cur chuige duinelárnach maidir le cur i bhfeidhm IS a ghlacadh; bheith oscailte agus in-oiriúnaithe i gcónaí maidir le nuálaíochtaí úra; agus dea-rialachas a chinntiú chun iontaoibh agus muinín a chothú ionas go n-éireoidh leis an nuálaíocht, mar ar deireadh, má tá IS le bheith fíorchuimsitheach agus tionchar dearfach a imirt orainn, ní mór dúinn a bheith soiléir faoina ról sa tsochaí agus a chinntiú go mbeidh iontaoibh mar an marcóir ratha ar deireadh. Leis na prionsabail threoracha sin, is í ár n-uaillmhian Éire a chur chun tosaigh ar chur i bhfeidhm duinelárnach, eiticiúil agus freagrach. Leis sin treiseofar cáil na hÉireann tuilleadh mar áit inar fiú infheistiú sa nuálaíocht. Trí ghliceas, aireagán, agus samhlaíocht ár ndaoine agus ár ngnólachtaí is féidir linn cuidiú le tír níos cliste agus níos rathúla a chruthú.

Is féidir linn an chuid mór cineálacha cur i bhfeidhm IS a fheiceáil cheana inár ngnáthshaol laethúil, inár n-ionaid oibre agus ar fud an gheilleagair. Tá leas á bhaint ag go leor gnólachtaí as IS ar bhealaí éagsúla; á úsáid chun feabhas a chur ar tháirgiúlacht, tuiscint níos fearr a fháil faoi chustaiméirí, agus táirgí níos fearr a thairiscint. Is mian linn tacú le tuilleadh gnólachtaí leas a bhaint as IS agus cuidiú le gnólachtaí a bhfuil IS á úsáid acu cheana chun fás níos inbhuanaithe a bhaint amach trí IS iontaofa. Déanfaimid é sin trí leas a bhaint as inniúlachtaí na hÉireann, a pobal FMBanna dúchasacha slabhra soláthair atá ag déanamh go maith agus láithreacht na tionscal bogearraí agus TFC atá ar thús cadhnaíochta sa domhan.

Tá IS agus teicneolaíochtaí eile lárnach do bheagnach gach gné dár saol, mar sin ba chóir go mbeadh gach duine ábalta cur le forbairt IS in Éirinn agus tairbhe a bhaint as chomh maith. Níl féidir linn daoine a fhágáil inár ndiaidh toisc nach bhfuil na scileanna acu chun páirt a ghlacadh sa gheilleagar seo tá ag athrú. Le haghaidh téarnamh níos cora, a bheidh dáilte go cothrom, ní mór dúinn a chinntiú go gcoinneofar scileanna agus tallann ár ndaoine suas leis an teicneolaíocht. Ní mór don oideachas agus don oiliúint in Éirinn freagairt do scála an aistrithe dhigitigh agus do theacht chun cinn na riachtanas scileanna. Éascóidh sé sin cruthú leanúnach post inbhuanaithe, ardchaighdeáin d'oibrithe. Tiocfaidh soláthar na scileanna cearta d'oibrithe lena chinntiú go mbeidh tairbhí an téarnaimh agus an aistrithe dhigitigh le feiceáil ar fud an gheilleagair agus ar fud na sochaí.

Ní rachaimid chun cinn linn féin, áfach. Agus muid ag oibriú lenár gcomhghleacaithe agus lenár gcomhpháirtithe ar fud na hEorpa, cothóimid Éire níos rathúil laistigh d'Eoraip rathúil. Cuideoidh sé sin le dálaí a chruthú a bheidh fabhrach do thimpeallacht idirnáisiúnta shábháilte, fhreagrach agus eiticiúil do chuideachtaí atá IS-chumasaithe oibriú inti.

Má táimid leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí a theastaíonn uainn a bhaint amach - níos glaise, níos táirgiúla agus níos freagrúla ó thaobh na teicneolaíochta de - beidh orainn na dálaí a éascóidh sin a chruthú. Feidhmeoidh an Straitéis Náisiúnta IS mar threochlár i gcomhair dearadh, forbairt, úsáid agus rialachas eiticiúil, iontaofa agus duinelárnach IS lena chinntiú gur féidir le hÉirinn an acmhainn is féidir le IS a sholáthar a nochtadh. Cinnteofar leis sin, ní hamháin go dtiocfaimid slán as an bpaindéim, ach go mbeidh rath orainn mar náisiún nua-aimseartha, bríomhar agus uaillmhianach.



An tAire Stáit um Chur Chun Cinn Trádála, Rialáil Dhigiteach agus Rialáil Cuideachtaí
Robert Troy T.D.

Robert Troy

# Ábhar

| | | |
|---|---|---|
| **Achoimre Feidhmeannach** | | **4** |
| **Réamhrá** | | **14** |
| **Fís agus Cuspóirí** | | **16** |
| **Gné** | **1: IS agus An tSochaí** | **17** |
| | 1.1 Réamhrá | 17 |
| | 1.2 IS chun Leasa na Sochaí agus Inbhuanaitheacht | 17 |
| | 1.3 Ag Dul i dTeagmháil leis an bPobal faoi IS agus Muinín a Chothú | 19 |
| **Gné** | **2: Eiceachóras Rialachais a Chuireann is Iontaofa Chun Cinn** | **21** |
| | 2.1 Réamhrá | 21 |
| | 2.2 Rioscaí Féideartha IS | 21 |
| | 2.3 Creat Dlíthiúil le haghaidh IS iontaofa | 22 |
| | 2.4 Eitic agus Rialachas Idirnáisiúnta IS | 24 |
| | 2.5 Caighdeáin agus Deimhniúchán le haghaidh IS iontaofa | 26 |
| **Gné** | **3: Glacadh is i Bhfiontraíocht Éireann a Chur Chun Cinn** | **28** |
| | 3.1 Réamhrá | 29 |
| | 3.2 Ullmhacht Fhiontraíocht Éireann chun IS a ghlacadh | 29 |
| | 3.3 Glacadh IS ag Fiontair Éireannacha | 31 |
| | 3.4 Deiseanna Earnála IS | 36 |
| | 3.5 Deiseanna do Chomhoibriú Fiontair ar IS | 36 |
| **Gné** | **4: IS ag Freastal ar An bPobal** | **38** |
| | 4.1 Réamhrá | 38 |
| | 4.2 Áisitheoirí le haghaidh IS i Seirbhísí Poiblí | 38 |
| | 4.3 Cur Chuige Comhordaithe i leith Glacadh IS ag an tSeirbhís Phoiblí | 40 |
| | 4.4 Earnálacha Ardtionchair le haghaidh IS sa tSeirbhís Phoiblí | 43 |
| **Gné** | **5: Éiceachóras Nuálaíochta is Láidir** | **47** |
| | 5.1 Réamhrá | 47 |
| | 5.2 Éiceachóras láidir T&N le haghaidh IS | 48 |
| | 5.3 Comhoibriú Éiceachórais IS a Neartú | 50 |
| **Gné** | **6: AI Education, Skills and Talent** | **53** |
| | 6.1 Réamhrá | 53 |
| | 6.2 IS agus Todhchaí na hOibre | 54 |
| | 6.3 Cur le Scileanna Digiteacha le haghaidh IS mar chuid den Churaclam Oideachais | 55 |
| | 6.4 Cur le Scileanna IS | 56 |
| | 6.5 Tallann Idirnáisiúnta IS a mhealladh agus a choinneáil | 58 |
| | 6.6 Rannpháirtíocht Ban in IS | 58 |
| **Gné** | **7: GNÉ 7: Bonneagar Tacúil agus Slán le Haghaidh IS** | **60** |
| | 7.1 Réamhrá | 60 |
| | 7.2 Bonneagar Sonraí Iontaofa agus Rialachas le haghaigh IS | 61 |
| | 7.3 Bonneagar Digiteach agus Nascachta le haghaidh IS | 66 |
| | 7.4 I S agus Cibearshlándáil | 66 |
| **Gné** | **8: Cur i Bhfeidhm na Straitéise** | **68** |
| **Gluais Acrainmneacha** | | **70** |
| **Liosta na nEagraíochtaí a ndeachthas i gcomhairle leo** | | **72** |

# Achoimre Feidhmeannach

## Réamhrá

Tagraíonn Intleacht Shaorga (IS) do chórais meaisín-bhunaithe, le leibhéil éagsúla neamhspleáchais, ar féidir leo, le haghaidh tacar áirithe cuspóirí atá sainithe ag an duine, tuar, moltaí nó cinntí a dhéanamh agus sonraí á n-úsáid.[1] Is éard atá in Meaisínfhoghlaim, fo-thacar de IS, bogearraí atá in ann foghlaim ó thacair sonraí is infheidhme chun féinfheabhsú, gan a bheith cláraithe go sainráite ag ríomhchláraitheoirí daonna.

Tá IS mar chuid de shraith teicneolaíochtaí digiteacha a mbeidh ról mór acu maidir le hiomaíochas agus táirgiúlacht dhomhanda a mhúnlú sna blianta amach romhainn, ag tabhairt buntáistí suntasacha sochaíocha, eacnamaíocha agus straitéiseacha d'uchtaitheoirí luatha. Tá IS agus teicneolaíochtaí digiteacha eile ag athrú saol na hoibre freisin; i bhfocail tráchtaireachta amháin "is é todhchaí IS todhchaí na hoibre".[2]

Tá go leor tuairimí agus míthuiscintí ann faoi IS agus a cuid éifeachtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí. Is iondúil go mbíonn tionchar ag na scéalta coitianta, ficsean eolaíochta, agus fuilibiliú na meán ar ár gcuid smaointeoireachta faoi IS ach go minic bíonn siad neamhréadúil agus bíonn easpa nuance iontu. Mar sin féin, cuireann IS deiseanna iontacha ar fáil chun ár bhfeidhmíocht agus táirgiúlacht shocheacnamaíoch a fheabhsú, chomh maith lenár bhfolláine chomhshaoil agus shóisialta.

Tá an chaoi a bhfoghlaimímid, a n-oibrímid agus a mairimid á hathrú ag IS cheana féin: ón gcaoi a n-íocaimid as siopadóireacht ar líne, go dtí na feidhmchláir a úsáid ar ár bhfóin. Leanfaidh an t-athrú sin de mhúnlú a dhéanamh ar ár ngeilleagar agus ar ár sochaí, de réir mar a chuimsíonn earnálacha nua agus na glúine atá le teacht teicneolaíochtaí claochlaitheacha, suaiteacha IS.

Tá Éire i riocht maith a bheith chun tosaigh san athrú sin. Mar thír rinneamar infheistíocht mhór i bhforbairt tallainne TF, fiontraíocht agus nascacht. Tá go leor de na cuideachtaí TFC is mó ar domhan againn freisin.

De réir mar a tharlaíonn an claochlú sin, tosóidh ríomhairí ag cur le tascanna ar leith a dhéanann daoine nó á ndéanamh ina n-ionad. Anois an t-am chun cosaintí a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go dtarlaíonn sé sin go sábháilte, agus ar bhealach atá cóir, trédhearcach agus a thógann muinín an phobail.

Leagtar amach sa straitéis seo conas is féidir le hÉirinn a bheith ina ceannaire idirnáisiúnta maidir le IS a úsáid chun leasa ár ngeilleagair agus na sochaí, trí chur chuige eiticiúil dírithe ar dhaoine maidir lena forbairt, lena glacadh agus lena húsáid.

Mar aitheantas ar an éifeacht leathan a bheidh ag IS ar an saol dúinne, measann an Straitéis seo IS ó roinnt peirspictíochtaí. Is iad seo:

**Muinín an phobail in IS a chothú**

Gné 1: IS agus an sochaí

Gné 2: Éiceachóras rialachais a chuireann IS iontaofa chun cinn

**IS a threisiú chun leasa eacnamaíochta agus sochaíoch**

Gné 3: Glacadh le IS i bhfiontraíocht in Éirinn

Gné 4: IS ag freastal ar an bpobal

**Áisitheoirí le haghaidh IS**

Gné 5: Éiceachóras láidir nuálaíochta IS

Gné 6: Oideachas, scileanna agus tallann IS

Gné 7: Bonneagar tacúil slán le haghaidh IS

Gné 8: An Straitéis a Chur i bhFeidhm

Téama a ritheann tríd an straitéis iomlán is ea tiomantas an Rialtais do chur chuige eiticiúil i leith IS agus d'úsáid shábháilte IS agus teicneolaíochtaí digiteacha eile. I ndeireadh na dála is é uaillmhian na Straitéise seo a chinntiú gur le haghaidh maitheasa atá IS ann.

1. Moladh Chomhairle ECFE maidir le Intleacht Shaorga, ECFE/Dlíthiúil/0449, (arna ghlacadh 22 Bealtaine 2019).
2. MIT Task Force on the Work of the Future, 2020.

# Intleacht Shaorga - Anseo go Deo

## Straitéis Náisiúnta um Intleachta Shaorga d'Éirinn

Ár bhfís a chomhlíonadh go mbeadh Éire ag feidhmiú mar cheannaire idirnáisiúnta i ndáil le húsáid Intleacht Shaorga (AI) a ra-chaidh chun tairbhe ár ndaonra, trí chur chuige duinelárnach, eiticiúil maidir le forbairt, glacadh le agus úsáid AI.

### Lántairbhe a bhaint as AI dár nGeilleagar agus Sochaí

- Táirgiúlacht níos airde
- Torthaí seirbhíse poiblí níos fearr

### Iontaoibh Phoiblí a Chothú

- Cosaintí éifeachtacha
- AI soiléirithe – fórsa lena mbaineann tairbhe



### Na Comhpháirteanna a Bhunú

- Éiceachóras láidir nuálaíochta
- Lucht oibre atá ullmhaithe chun úsáid a bhaint as AI
- Bonneagar láidir sonraí, digiteach agus nascachta

### An Straitéis a Fhorghníomhú

- Bord Comhairleach Digiteach Fiontar
- Bord Soláthair GovTech
- Ambasadóir AI



# Gné 1:
## IS agus An Sochaí

Dá mhéad daoine a thuigeann agus a bhfuil muinín acu as IS mar acmhainn, is ea is mó a ghlacfaidh chucu féin é. Aithníonn an Rialtas an gá atá le dul i dteagmháil go fónta leis an bpobal maidir le forbairt, rialachas agus úsáid IS.

Tá cearta an duine agus prionsabail eiticiúla mar phríomhfhócas sa straitéis seo. Tá sé ríthábhachtach go n-éistfimid le tuairimí daoine agus go leabóimid IS sa tsochaí ar bhealaí ina mbeidh meas ar an éagsúlacht, uilechuimsitheacht, comhionannas agus neamh-idirdhealú agus ina mbeidh na nithe á gcur chun cinn.

Cuireann IS acmhainneacht chlaochlaitheach ar fáil chun dul i ngleic le go leor dúshlán sochaíoch, comhshaoil agus eacnamaíoch. Chun go n-éireoidh leis seo, áfach, caithfear glacadh a bheith leis go forleathan sa sochaí. Tá sé i gceist ag an Rialtas tús a chur leis an bpróiseas dul i dteagmháil agus cothú muiníne trí na gníomhartha seo a leanas:

**Cuspóir**
Muinín láidir ag an bpobal in IS mar fhórsa chun leasa na sochaí in Éirinn

### Gníomhartha Straitéiseacha

i. Ambasadóir IS a cheapadh chun IS a chur chun cinn mar fhórsa dearfach don gheilleagar agus don tsochaí [RFTF]

ii. Tosaigh comhrá le leanaí agus daoine óga faoi IS trí Chomhairle na nÓg, an struchtúr náisiúnta maidir le comhairliúchán le leanaí agus daoine óga [DETE / DCEDIY]

iii. Cúrsaí a chur chun cinn agus a leathnú a chuireann oideachas ar an bpobal i gcoitinne faoi IS [RBATNE]

iv. Dúshlánchistí IS chun leasa na sochaí a leathnú [RBATNE, FEÉ / RCPA / Ranna ábhartha]

v. Cuir deiseanna ar fáil le haghaidh IS i ngníomh aeráide mar chuid d'fhorbairt bheartais aeráide sa todhchaí [RCAC / RBATNE, FEÉ / RFTF / DoT]

# Gné 2:
# Éiceachóras Rialachais a Hhuireann IS Iontaofa Chun Cinn

Tá Éire tiomanta do chur chuige IS atá freagrach, eiticiúil agus iontaofa. Beidh gá mar sin le timpeallacht rialachais agus rialála sofhreagrúil agus iomchuí thar thrí phríomhréimse:

### Creatlach Dlíthiúil:

Tá píosaí éagsúla reachtaíochta i bhfeidhm cheana féin maidir le forbairt agus úsáid IS inniu, agus ba cheart go mbeadh go leor den chreat dlíthiúil atá ann cheana in Éirinn leordhóthanach chun foráil a dhéanamh ar sholáthar éasca IS. Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh rialáil bhreise ag teastáil ó roinnt bearnaí dlí agus tá obair ar siúl ar fud an Rialtais chun bearnaí dlíthiúla maidir le IS a scrúdú agus aghaidh a thabhairt orthu.

Ar leibhéal an AE tá forbairt á déanamh ar chreat rialála cothrománach Eorpach le haghaidh IS. Tá páirt ghníomhach ag Éirinn i múnlú na hoibre seo, chun creat a fhorbairt a chinntíonn cosaint na gceart bunúsach, agus nuálaíocht á cothú agus leas á bhaint as na deiseanna a chuireann IS ar fáil.

### Eitic:

Caithfidh IS tacú le luachanna eiticiúla na sochaí agus cearta an duine a chosaint. Chun é seo a bhaint amach, d'fhorbair an AE Treoirlínte Eitice le haghaidh IS Iontaofa. Beidh cur chuige eiticiúil ar thús cadhnaíochta in obair an Rialtais chun glacadh le IS a spreagadh sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí, agus cuirfimid réimse uirlisí ar fáil chun cabhrú le hiontaofacht na gcóras IS a mheas.

### Caighdeáin agus Deimhniúchán:

Úsáidfear uirlisí comhlíonta amhail caighdeáin agus deimhniúchán chun tacú le hoibleagáidí dlíthiúla agus eiticiúla maidir le IS. Beidh an Fhoireann Uachtair um Chaighdeáin le haghaidh IS, a bhunaigh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) in 2020 chun plean caighdeáin agus dearbhaithe a fhorbairt le haghaidh IS, i gceannas ar an obair seo.

## Cuspóir

Timpeallacht rialachais agus rialála sofhreagrúil agus iomchuí do IS

## Gníomhartha Straitéiseacha

i. Leanúint ar aghaidh ag glacadh páirt ghníomhach i bplé ar leibhéal an AE chun creat rialála cothrománach a shainiú le haghaidh IS [RFTF]

ii. Smaoinigh ar shásra iomchuí chun cur chuige comhordaithe ag rialtóirí Éireannacha a chinntiú maidir le cúrsaí Digiteacha, lena n-áirítear IS, mar chuid den Straitéis Dhigiteach Náisiúnta atá le teacht [DoT / RFTF / RCAC / Rceartas / RTCEGSM / RFTF]

iii. Bealaí a scrúdú agus a chur chun cinn chun cabhrú le gnóthais féin-mheasúnú a dhéanamh ar iontaofacht a gcóras IS, lena n-áirítear cás-staidéir agus uirlisí a fhorbairt do FBManna [RFTF / FÉ, IDA / RBATNE]

iv. Treochlár Caighdeán agus Dearbhaithe a fhoilsiú le haghaidh IS. [RFTF-NSAI]

v. Imscrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht agus riachtanais boscaí gainimh rialála le haghaidh IS [RFTF-NSAI / RFTF-FÉ / IDA / RBATNE-FEÉ]

vi. Dul leis an gComhpháirtíocht Dhomhanda ar IS [RFTF / RGE]

vii. Leanúint ar aghaidh ag tacú le fóraim iltaobhacha ar chur chuige eiticiúil bunaithe ar chearta an duine i leith IS [RGE / Ranna eile de réir mar is cuí]

viii. Smaoinigh ar impleachtaí IS mar chuid d'athbhreithniú pleanáilte ar an reachtaíocht chomhionannais [RLCMLÓ]

# Gné 3:
# Glacadh le IS i Bhfiontraíocht in Éirinn

Tá IS tábhachtach le haghaidh táirgiúlachta cheana féin i raon leathan earnálacha, lena n-áirítear teicneolaíocht, seirbhísí airgeadais, talmhaíocht, innealtóireacht, cúram sláinte agus eolaíochtaí beatha.

Agus muid ag teacht amach ón bpaindéim, tá an deis ann díbhinn táirgiúlachta a bhaint as IS (chomh maith le teicneolaíochtaí digiteacha eile) i ngnólachtaí de gach méid agus i ngach earnáil. Tá sé mar aidhm ag an straitéis seo na fiontair sin, idir bheag agus mhór, a spreagadh agus cuidiú leo IS a ghlacadh agus leas a bhaint as.

Chun an aidhm sin a bhaint amach, rachaidh an Rialtas i gcomhpháirtíocht le Tionscal chun glacadh forleathan IS a spreagadh ar fud na fiontraíochta trí chur chuige céimnithe cothú feasachta, deiseanna chun triail a bhaint as feidhmchláir IS agus iad a phíolótú, cúnamh le pleanáil agus forbairt acmhainne le haghaidh IS, agus cuidiú chun réitigh IS a chur i bhfeidhm. Spreagfaidh an Rialtas idirghníomhaíocht láidir idir taighde agus tionscal, chomh maith le comhoibriú agus meascadh idir FBManna agus fiontair ilnáisiúnta teicneolaíochta ceannródaíocha a chur chun cinn.

Bunófar Mol Nuálaíochta IS freisin, mar chuid de chlár beartaithe Moil Nuálaíochta Digití na hEorpa, chun feidhmiú mar Chéad Stad Náisiúnta le haghaidh IS, ag soláthar saineolais agus treorach d'fhiontair ar a n-aistear glactha IS.

Breithneoidh an Rialtas freisin na riachtanais teicneolaíochta agus bonneagair chun bonn a chur faoi ghlacadh forleathan agus slán IS ag gnólachtaí.

**Cuspóir**
Táirgiúlacht mhéadaithe trí mhórathrú ar ghlacadh IS i bhfiontraíocht in Éirinn

## Gníomhartha Straitéiseacha

i. Bord Comhairleach Digiteach Fiontar a bhunú chun comhairle agus oibriú leis an Rialtas chun glacadh le IS agus teicneolaíochtaí digiteacha eile a spreagadh, lena n-áirítear:
   a. Measúnú a dhéanamh ar speictream reatha na n-acmhainní IS atá ar fáil don tionscal ón Rialtas chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí chun acmhainn an bhonneagair atá ann a uasmhéadú
   b. Clár IS sprioc-mhaoinithe agus bearta comhairleacha chun IS a ghlacadh a fhorbairt don fhiontraíocht
   c. Feasacht a mhúscailt i measc gnólachtaí ar gach méid de na hacmhainní atá ar fáil chun cabhrú le glacadh IS
   d. Braisle nó ardán IS náisiúnta a fhorbairt chun comhoibriú idir corparáidí ilnáisiúnta agus FBManna a spreagadh [Gach gníomh thuas do RFTF, FÉ, IDA, LEOs, FEÉ]

ii. Smaoinigh ar an tsamhail is fearr le haghaidh ardán bonneagair sonraí agus IS chun dlús a chur le tógáil ar bord agus glacadh IS i dtionscal [RFTF / IDA / FÉ /RCPA-OGCIO]

iii. Mol Nuálaíochta IS a bhunú, mar chuid de chlár beartaithe Moil Nuálaíochta Digití na hEorpa, chun feidhmiú mar Chéad Stad Náisiúnta le haghaidh IS, ag soláthar saineolais agus treorach d'fhiontair ar a dturas glactha IS. [RFTF, FÉ, an Eoraip Dhigiteach]

# Gné 4:
# IS ag Freastal ar An bPobal

Tá an earnáil phoiblí tar éis IS a leabú cheana féin i soláthar seirbhísí poiblí áirithe, agus tá sí ag píolótú feidhmchláir IS i raon réimsí lena n-áirítear talmhaíocht, ioncam agus sláinte. Mar thoradh air seo tá soláthar na seirbhísí sin níos éifeachtaí agus chuir sé sonraí anailíse úsáideacha ar fáil is féidir a chur i bhfeidhm i bhfoirmiú beartas poiblí sa todhchaí. Chun lánacmhainneacht IS a bhaint amach teastaíonn cur chuige straitéiseach comhordaithe ar fud na seirbhíse poiblí maidir le IS a chur i bhfeidhm, atá slán agus eiticiúil. Beidh Bord Soláthair GovTech, atá á bhunú chun aistriú digiteach sa tSeirbhís Phoiblí a chur chun cinn, i gceannas freisin ar ghlacadh IS ag an tSeirbhís Phoiblí.

Déanfar é seo ar bhealach atá freagrach agus eiticiúil. Beidh an Rialtas ag tabhairt treorach agus ag cur chun cinn fás in IS trí fheidhmchláir IS eiticiúla agus iontaofa a cheannach agus a fhorbairt, agus trí bheartais soláthair phoiblí a úsáid chun an tionscal a spreagadh agus a mhealladh chun táirgí agus seirbhísí bunaithe ar IS a sholáthar don rialtas. Táimid ag iarraidh go mbeidh seirbhís phoiblí na hÉireann ina sáreiseamláir de ghlacadh IS agus mar láithreán tagartha le haghaidh réiteach tionscail. Trí é sin a dhéanamh, cuideofar le cur le muinín an phobail in IS.

**Cuspóir**
Torthaí seirbhísí poiblí níos fearr trí mhórathrú ar ghlacadh IS in earnáil phoiblí na hÉireann

## Gníomhartha Straitéiseacha

i. Breithneoidh Bord Seachadta GovTech glacadh IS ag an tSeirbhís Phoiblí, lena n-áirítear:
   a. Cad iad na cosaintí iomchuí is gá chun córas slán a chinntiú d'fhorbairt agus d'úsáid IS sa tseirbhís phoiblí
   b. An cur chuige maidir le prionsabail cur chun cinn a fhorbairt agus a fhógairt maidir le IS iontaofa a mbeidh feidhm acu maidir le gach IS a fhorbraíonn agus a úsáideann an tSeirbhís Phoiblí
   c. Na riachtanais earcaíochta agus forbartha do thallann IS sa tSeirbhís Phoiblí a aithint.
   d. Deiseanna do sholáthar poiblí IS, ag baint úsáid as cumhacht cheannaigh phoiblí chun nuálaíocht agus fás a spreagadh i bhforbairt IS eiticiúil iontaofa

ii. Timpeallacht 'oscailte' a chur chun cinn chun iarratais IS a luathú agus a thástáil sa tSeirbhís Phoiblí, e.g. Haiceatóin agus Ceardlanna [RCPA]

# Gné 5:
# Éiceachóras láidir Nuálaíochta IS

Más mian linn go n-éireoidh le IS, tá éiceachóras láidir tacúil do nuálaíocht IS riachtanach. Is é ár n-uaillmhian mar sin nuálaíocht IS a chur chun cinn trí thaighde agus fhorbairt den scoth.

Tá dintiúir láidre taighde tionscail-acadúla ag Éirinn cheana féin atá tógtha timpeall ar chláir reatha Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), agus tá cáil idirnáisiúnta ar go leor dár dtaighdeoirí acadúla as a sármhaitheas in IS. Mar chuid den straitéis seo, ba mhaith linn cothú ar an dea-cháil sin, ag cur naisc láidre chun cinn idir tionscal, taighde agus an saol acadúil, ionas go mbeidh taighdeoirí nuálacha, fiontair agus fiontraithe a bhfuil baint acu le IS a fhorbairt agus a úsáid ceangailte lena chéile agus le córais tacaíochta iomchuí.

I measc na ngnéithe tábhachtacha eile den éiceachóras tá timpeallacht maoinithe thacúil, deiseanna chun nascadh le comhpháirtithe idirnáisiúnta, agus rochtain ar ionaid tástála inar féidir triail a bhaint as feidhmchláir IS agus iad a phíolótú i dtimpeallachtaí an domhain réadaigh.

**Cuspóir**
Éiceachóras láidir Éireannach le haghaidh taighde agus Nuálaíocht IS atá ar ardchaighdeán agus a bhfuil freagracht ag baint leis

## Gníomhartha Straitéiseacha

i. Mapáil ar éiceachóras T&N IS [RBATNE-FEÉ]

ii. Sainaithin earnálacha deise chun ionaid tástála IS agus saoráidí tástála a bhunú [RFTF, FÉ, IDA & NSAI / RBATNE, FEÉ, Bord Comhairleach Enterprise AI]

iii. Rannpháirtíocht na hÉireann a chur chun cinn i gcláir idirnáisiúnta T&N IS agus i nglaonna ábhartha maoinithe AE [RBATNE, FEÉ; RFTF]

iv. Sásraí féideartha a iniúchadh le haghaidh comhoibrithe uile-oileáin ar T&N IS in earnálacha straitéiseacha, mar shampla tríd an tionscnamh Oileán Roinnte [RBATNE, FEÉ; DoT]

v. Éire a chur chun cinn mar ionad tallainne i T&N IS mar chuid de Lorg Domhanda 2025 [RBATNE / RFTF / RGE]

# Gné 6:
# Oideachas, scileanna agus tallann IS

Agus gach seans go gcuirfidh glacadh teicneolaíochtaí digiteacha isteach ar phost amháin as gach trí cinn in Éirinn, caithfear ár bhfórsa saothair a ullmhú le haghaidh thionchair IS. Is dóigh go mbeidh cuid den chur isteach, áfach, bainteach le hathruithe ar róil agus ar thascanna poist, seachas poist á gcailliúint. Cé go mbeidh roinnt díláithrithe ann mar thoradh ar IS, mar a tharla le dul chun cinn teicneolaíochta suaiteach eile roimhe seo, cruthófar poist nua chomh maith le táirgiúlacht agus ioncaim níos airde. Is é dúshlán an bheartais a chinntiú go roinntear na gnóthachain seo go cothrom.

Tabharfaidh an Rialtas tosaíocht do bheartais a chinntíonn gur féidir le hoibrithe rochtain a fháil ar dheiseanna chun uasoiliúint nó athsciliú a dhéanamh, chun dul in oiriúint do na hathruithe seo. Go ríthábhachtach, beidh gá le hidirghabhálacha eile, lena n-áirítear i rialáil an mhargaidh saothair agus sna réimsí cosanta sóisialta, chun leasanna oibrithe a chosaint agus chun a chinntiú nach ndéanann méadú ar úsáid IS éagothroime a dhoimhniú.

Taobh leis seo, caithfidh Éire tallann IS a fhorbairt, a mhealladh agus a choinneáil. Sa straitéis seo, leag an Rialtas amach conas a ullmhaíonn ár bhfórsa saothair agus ár ndaonra chun IS a chur chun cinn agus a ghlacadh, trí scileanna digiteacha, teicniúla agus comhlántacha a sholáthar ar gach leibhéal oideachais, ón mbunscoil suas agus tríd an gcaoi a ndéanfaimid áit tharraingteach d'Éirinn do thallann idirnáisiúnta IS. Mar aitheantas ar thábhacht na cibearshlándála, tá sraith de chláir M.Sc. forbraithe chun scileanna sa réimse seo a chothú amach anseo. Glacfaimid céimeanna freisin i dtreo cothromaíocht inscne a fheabhsú i ngairmeacha a bhaineann le IS, ar gnách go mbíonn luach saothair maith leo ach a bhfuil ceannas ag fir iontu faoi láthair.

**Cuspóir**
Fórsa saothair ullmhaithe le haghaidh IS agus á ghlacadh

## Gníomhartha Straitéiseacha

i. Athbhreithniú a sholáthar i 2021 ar impleachtaí scileanna IS sna 5 go 10 mbliana amach romhainn, agus na gníomhartha a bhaineann le scileanna a theastaíonn chun acmhainneacht IS a bhaint amach [RFTF, SGRST]

ii. Institiúidí Ardoideachais a spreagadh chun cur chuige comhordaithe a ghlacadh chun oideachas agus oiliúint IS a sholáthar arna dtreorú ag toradh an athbhreithnithe SGRST [RBATNE, ÚA agus Ibanna]

iii. Cuidiú le fostóirí breisoiliúint agus athoiliúint IS atá dírithe ar an ionad oibre a leathnú, lena n-áirítear printíseachtaí, cláir SOLAS, cláir oiliúna Skillnet Ireland agus scéimeanna comhpháirtíochta fiontar [RBATNE, Skillnet Ireland, ÚA, & SOLAS / RFTF, Bord Comhairleach Enterprise AI]

iv. Smaoinigh ar conas is féidir IS a chuimsiú i mbeartas don fhoghlaim dhigiteach sa todhchaí [D / Oideachas]

v. Athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir maidir le ceadanna fostaíochta do scileanna criticiúla a bhaineann le IS, agus aird ar an taighde agus an anailís ar riachtanais scileanna IS a dhéantar [RFTF]

vi. Grúpa saineolaithe a bhunú chun plean gníomhaíochta a fhorbairt chun rannpháirtíocht na mban i ngairmeacha a bhaineann le IS a mhéadú [RFTF / RBATNE / D / Education / RFTF]

# Gné 7:
# Bonneagar tacúil slán le haghaidh IS

Cuimsíonn na bloic thógála le haghaidh bonneagair sláintiúil IS rochtain ar shonraí ardcháilíochta agus iontaofa; creataí láidre rialachais sonraí agus príobháideachta; líonraí teileachumarsáide ardluais a dhaingniú; agus cumhacht ríomhaireachta leordhóthanach agus cumais stórála.

Is láidreachtaí lárnacha d'Éirinn iad go leor de na comhpháirteanna seo cheana féin, lena n-áirítear dea-theist uirthi i gcúrsaí sonraí oscailte, agus tiomantas do dhianchaighdeáin chosanta sonraí. Tá reachtaíocht curtha i bhfeidhm ag an Rialtas chun ligean do chomhlachtaí poiblí sonraí pearsanta a roinnt, a ndéanfaidh an Bord Rialachais Sonraí maoirseacht air. Is tosaíochtaí fadtéarmacha Rialtais iad rolladh amach leathanbhanda agus Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta (HPC), a bhfuil dul chun cinn suntasach déanta orthu le blianta beaga anuas.

Is réamhriachtanas é cur chuige láidir náisiúnta i leith cibearshlándála chun muinín i gcórais IS a chothú agus a choinneáil. Faoi Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála na hÉireann, cosnóidh an Rialtas slándáil líonraí ríomhairí na tíre agus an bonneagair ghaolmhar, faoi stiúir an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC). Mar a léirigh ionsaí bogearra fuascailte 2021 ar FSS, ní féidir a bheith bogásach maidir le Cibearshlándáil, agus tiocfaidh forbairt an NCSC chun cinn go leanúnach, léiriú ar a shainordú tábhachtach. Is féidir teicneolaíochtaí IS a úsáid mar uirlis chun cibearshlándáil a neartú, mar shampla, trí úsáid a bhaint as ballaí dóiteáin gníomhacha nó trí chosaint cliste frithvíreas.

Faoin straitéis seo, tógfaidh an Rialtas ar na buanna seo chun bonneagar sonraí, digiteach agus nascachta den scoth a chruthú chun forbairt agus glacadh IS a spreagadh in Éirinn agus chun ár ról mar mhol iontaofa rialachais sonraí a dhaingniú. Nuair is féidir, cuirfidh an Rialtas níos mó sonraí ón earnáil phoiblí ar fáil go hoscailte, go sábháilte agus go slán agus éascóidh sé forbairt sásraí iontaofa comhroinnte sonraí agus timpeallachtaí taighde chun rochtain ar shonraí agus ar chomhoibriú a chumasú ar fud eagraíochtaí éagsúla.

**Cuspóir**
Bonneagar sonraí, digiteach agus nascachta a sholáthraíonn bunús slán d'fhorbairt agus d'úsáid IS in Éirinn

**Gníomhartha Straitéiseacha**

i. Ag cothú ar thionscnaimh mar an clár EMPOWER, creat a sholáthar do rialachas iontaofa sonraí ar fud na hearnála príobháidí agus uirlisí agus modheolaíochtaí a fhorbairt chun an creat a chur i bhfeidhm. [RBATNE, FEÉ / RFTF, FÉ, IDA]

ii. Caighdeáin agus treoirlínte a fhógairt maidir le comhroinnt sonraí eiticiúil laistigh den tSeirbhís Phoiblí [RCPA / Bord Rialachais Sonraí].

iii. Méadú a dhéanamh ar infhaighteacht sonraí rialtais oscailte le haghaidh oiliúna agus tástála IS, lena n-áirítear Dúshlán Sonraí Oscailte IS [RCPA / POS] a thionól

iv. Tacair sonraí oscailte aeráide agus comhshaoil na hearnála poiblí a aithint chun forbairt réiteach IS a spreagadh le haghaidh gníomhaíochta aeráide [RCPA / RCAC, GCC, SEAI]

# Gné 8:
# An Straitéis a Chur i bhFeidhm

Is cuid thábhachtach den straitéis dhigiteach fhoriomlán d'Éirinn an straitéis IS; tá na tiománaithe agus na háisitheoirí le haghaidh IS an-chosúil leo siúd le haghaidh teicneolaíochtaí digiteacha eile. Dá bhrí sin, cuirfear an straitéis IS i bhfeidhm tríd an gcreat atá á bhunú ag an Rialtas chun athrú digiteach na hÉireann a thiomáint agus a mhaoirsiú, le gníomhaíochtaí straitéiseacha ar leith faoi stiúir Ranna ainmnithe Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit nó comhlachtaí eile, mar atá leagtha amach sna Gnéithe ábhartha.

Bunófar **Bord Comhairleach Fiontar Digiteach** chun comhairle a chur ar an Rialtas agus oibriú leis chun glacadh teicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear IS, a spreagadh. Cuimseoidh comhaltaí an Bhoird Ranna Rialtais ábhartha, ionadaithe ó Finna agus FBManna, saineolaithe IS, IDA Ireland agus Enterprise Ireland. Beidh an tAire Stáit um Chur Chun Cinn Trádála, Rialáil Dhigiteach agus Rialáil Cuideachtaí mar chathaoirleach ar an mBord. Déanfaidh an Bord maoirseacht ar chur i bhfeidhm eilimintí fiontraíochta na Straitéise IS.

Tá sé beartaithe ag an Rialtas freisin **Bord Soláthair GovTech** a bhunú, a threoróidh claochlú digiteach na Seirbhíse Poiblí. Breithneoidh an Bord glacadh IS ag an tseirbhís phoiblí mar chuid dá cuid oibre.
Chun castachtaí sonracha IS a léiriú, cuirfear roinnt struchtúr breise i bhfeidhm freisin, chun cuspóirí na straitéise a sheachadadh.

- **Muinín an Phobail in IS a chur chun cinn**
  Beidh sé riachtanach go n-éireoidh leis an straitéis IS muinín an phobail in IS agus teagmháil leis a chothú. Ceapfaidh an Rialtas **ambasadóir IS** chun feasacht a chur chun cinn i measc an phobail agus na ngnólachtaí faoin acmhainneacht a chuireann IS ar fáil, ag fónamh mar churadh IS mar fhórsa dearfach don gheilleagar agus don tsochaí, agus ag cur béime ar chur chuige eiticiúil. Beidh ambasadóir IS ina bhall den Bhord Comhairleach Digiteach Fiontar, agus gheobhaidh sé tacaíocht ina chuid oibre ón mBord agus ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

- **Caighdeáin á gcur chun cinn in IS**
  Tá Foireann Uachtair um Chaighdeáin le haghaidh **IS** bunaithe ag an rialtas chun ceannaireacht idirnáisiúnta na hÉireann I bhforbairt caighdeán IS a leathnú. Faoi stiúir an NSAI, tá an Fhoireann Uachtair ag obair leis an saol acadúil, leis an tionscal agus le rialtóirí chun treochlár a fhorbairt do chaighdeáin IS.

**Athbhreithniú Leanúnach ar an Straitéis**
Beidh an Straitéis seo sofhreagrach agus solúbtha, ag teacht leis na teicneolaíochtaí atá ag forbairt go tapa agus na saincheisteanna a gcaithfidh sí aghaidh a thabhairt orthu. De réir mar a fhorbraíonn teicneolaíochtaí agus feidhmchláir IS, d'fhéadfadh go mbeadh gá le cur chuige agus tionscnaimh nua nach féidir linn a thuar inniu. Chun an sofhreagracht seo a cheadú, forbróidh an Rialtas plean gníomhaíochta mionsonraithe, chun cur i bhfeidhm na straitéise a chur chun cinn, agus déanfar an plean gníomhaíochta seo a nuashonrú gach bliain chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dheiseanna atá ag teacht chun cinn.



# Réamhrá

## Cad is intleacht shaorga (IS) ann?

Tagraíonn Intleacht Shaorga (IS) do chórais meaisín-bhunaithe, le leibhéil éagsúla neamhspleáchais, ar féidir leo, le haghaidh tacar áirithe cuspóirí atá sainithe ag an duine, tuar, moltaí nó cinntí a dhéanamh agus sonraí á n-úsáid.[3] Is éard atá in Meaisínfhoghlaim, fo-thacar de IS, bogearraí atá in ann foghlaim ó thacair sonraí is infheidhme chun féinfheabhsú, gan a bheith cláraithe go sainráite ag ríomhchláraitheoirí daonna.

## Cad é an deis atá ann?

Beidh ról mór ag IS maidir le hiomaíochas agus táirgiúlacht dhomhanda a mhúnlú sna blianta amach romhainn, ag tabhairt buntáistí suntasacha sochaíocha, eacnamaíocha agus straitéiseacha do ghlacadóirí luatha. Ar fud an domhain, meastar go bhféadfadh cur i bhfeidhm IS fás eacnamaíoch a dhúbailt faoi 2035.[4]

Tá córais IS-bhunaithe tosaithe cheana féin ag dul I bhfeidhm ar go leor gnéithe dár saol laethúil, ón mbealach a oibrímid agus a ndéanaimid gnó, go dtí an bealach a ndéanaimid cumarsáid agus cóireáil a chur ar ghalair. Tugann dul chun cinn leanúnach in IS, arna chumasú ag infheistíocht inbhuanaithe i réimsí a bhfuil tábhacht náisiúnta leo, deiseanna chun ár bhfeidhmíocht shocheacnamaíoch agus táirgiúlacht a fheabhsú, chomh maith lenár bhfolláine chomhshaoil agus shóisialta.

Féadann teicneolaíochtaí IS táirgiúlacht a chur chun cinn i ngach croí-earnáil eacnamaíoch, poist, fiontair, táirgí agus seirbhísí nua a chruthú, chomh maith le samhlacha nua gnó. Tugann siad deis freisin éifeachtúlacht agus éifeachtacht ár soláthair seirbhíse poiblí a fheabhsú. Tá réitigh atá cumasaithe ag IS ag athrú réimse tionscail agus gníomhaíochtaí, lena n-áirítear talmhaíocht agus bia, róbataic, seirbhísí airgeadais agus gairmiúla, iompar, spórt, cúram sláinte, cultúr agus turasóireacht.

## Cad é an comhthéacs polasaí?

Leagadh amach uaillmhian d'Éirinn a bheith ar thús cadhnaíochta na dteicneolaíochtaí suaiteacha, lena n-áirítear IS, sa Phlean Téarnaimh Eacnamaíoch agus Fiontar 2025 Athnuaite, an straitéis náisiúnta fiontraíochta, le gairid.

Tá rannphairtíocht na hÉireann i mbeartas idirnáisiúnta IS ábhartha agus i bpróisis rialachais san Aontas Eorpach (AE), sna Náisiúin Aontaithe (NA) agus san Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) mar thaca ag forbairt ár mbeartas IS. I mBealtaine 2019, chláraigh Éire le Moladh an OECD maidir le IS, lena n-áirítear sraith prionsabal deonach, bunaithe ar luachanna, maidir le maoirseacht fhreagrach ar IS iontaofa.[5]

Is tosaíocht straitéiseach de chuid an Choimisiúin Eorpaigh an digitiú, lena n-áirítear IS.[6] Féachann an AE ar IS mar fhachtóir ríthábhachtach chun an fhís de gheilleagar aeráidneodrach, ciorclach agus athléimneach a bhaint amach.[7]

Thug Teachtaireacht an Choimisiúin um Intleacht Shaorga don Eoraip (2018) imlíne ar uaillmhian go mbeadh an Eoraip ar an réigiún is mó le rá maidir le IS ceannródaíoch, eiticiúil agus iontaofa. Leagadh amach inti cur chuige Eorpach i leith IS, bunaithe ar thrí philéar:

1. Treisiú le cumas teicneolaíochta agus tionsclaíoch an Aontais Eorpaigh (AE) agus glacadh IS ar fud an gheilleagair


3. Moladh Chomhairle ECFE maidir le Intleacht Shaorga, ECFE/Dlíthiúil/0449, (arna ghlacadh 22 Bealtaine 2019).
4. Féach Purdy, M. & Daughery, D. (2016), Why Artificial Intelligence is the Future of Growth, Worldwide: Accenture. https://www.accenture.com/_acnmedia/PDF-33/Accenture-Why-AI-is-the-Future-of-Growth--Country-Spotlights.pdf
5. Moltaí Chomhairle OECD maidir le Faisnéis Saorga, OECD / Dlíthiúil / 0449, (arna nglacadh 22 Bealtaine 2019).
6. An Coimisiún Eorpach, 2030 Compás Digiteach: an bealach Eorpach don Deich mBliana Digiteach, COM(2021) 118 deiridh,
7. An Coimisiún Eorpach, Comhaontú Glas don Eoraip, Nollaig 2019.

2. Ullmhú le haghaidh athruithe socheacnamaíocha
3. Creat rialála agus dlíthiúil iomchuí a chinntiú.[8]

I mí na Nollag 2018, tháinig na Ballstáit le chéile leis an gCoimisiún Eorpach i *bPlean Comhordaithe ar Fhorbairt agus Úsáid Intleachta Saorga a Cruthaíodh san Eoraip.*[9] Tá Éire lántiomanta do chuspóirí an Phlean seo, a mholann comhghníomhaíochtaí sna réimsí seo a leanas: infheistíocht a mhéadú; níos mó sonraí a chur ar fáil; tallann a chothú; agus muinín a chinntiú. Tógadh ar an bPlean in 2020 ag Páipéar Bán an AE ar IS, inar leagadh amach an aidhm éiceachóras barr feabhais Eorpach a chothú chun glacadh agus tairbhí IS a spreagadh, chomh maith le héiceachóras muiníne in IS trí rialachas agus rialáil.[10]

In Aibreán 2021, chuir an Coimisiún moladh i láthair maidir le creat rialála ar IS agus plean comhordaithe athbhreithnithe ar IS, chun forbairt IS a chur chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí féideartha maidir le sábháilteacht agus cearta bunúsacha. Cuireann athbhreithniú 2021 ar an bPlean Comhordaithe ceithre phríomhshraith moltaí chun cinn chun deiseanna IS a thapú agus chun cur chuige Eorpach atá éasca don duine, iontaofa, slán, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a éascú:

1. Socraigh coinníollacha cumasúcháin d'fhorbairt agus do ghlacadh IS san AE
2. An AE mar ionad barr feabhais faoi bhláth a chothú ón saotharlann go dtí an margadh
3. A chinntiú go n-oibríonn IS do dhaoine agus gur fórsa ar son maitheasa sa sochaí é
4. Ceannaireacht straitéiseach a chothú in earnálacha ardtionchair.[11]




## Cad iad na dúshláin?

Tá rioscaí féideartha ag baint le húsáid mhéadaitheach na gcóras IS-bhunaithe, mar shampla díláithriú post, cinnteoireacht teimhneach, leatrom, cur isteach ar ár saol príobháideach, nó úsáid chun críocha coiriúla. Tá dúshláin ann freisin maidir le hinmhínitheacht, cuntasacht agus cothrom na Féinne a chinntiú, chomh maith le sábháilteacht agus slándáil na gcóras IS-bhunaithe. Beidh sé tábhachtach mar sin na buntáistí a bhaineann le IS a uasmhéadú do dhaoine aonair agus don tsochaí i gcoitinne, agus aon rioscaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith i láthair a íoslaghdú.

Caithfear cothromaíocht rialála a bhaint amach chun cosaint éifeachtach a bhaint amach i gcoinne rioscaí den sórt sin, gan srian a chur leis an nuálaíocht go míchuí.

## Cad é cur chuige straitéiseach na héireann i leith is?

Caithfidh IS dul chun cinn ar bhealach a chothaíonn muinín agus iontaoibh úsáideoirí, agus atá cuntasach agus inghlactha don tsochaí. Mar sin, cé go gcaithfear taighde agus nuálaíocht in IS a chumasú, ag an am céanna, caithfear creat rialachais iomchuí a sholáthar bunaithe ar ár luachanna eiticiúla, chun a chinntiú go gcuireann IS le leas an phobail.

Tríd an Straitéis seo IS – Is Cuid den Saol é Anois, tá sé mar aidhm ag an Rialtas cur chuige freagrach, measúil ar chearta agus uilechuimsitheach a chinntiú i leith IS a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a ghlacadh. Leis seo beidh gá le comhpháirtíocht láidir idir an Rialtas, ár bhfiontair agus nuálaithe, ár bpobail taighde agus an tsochaí shibhialta; táimid go léir freagrach as IS freagrach.

Agus an Straitéis seo á forbairt, rinneadh comhairliúchán oscailte fairsing le raon leathan páirtithe leasmhara maidir le conas dul chun cinn in IS a chur chun cinn le chéile. Áiríodh leis seo cruinnithe geallsealbhóirí leis an tionscal agus a gcomhlachtaí ionadaíocha, le pobail acadúla agus taighde, chomh maith le comhairliúchán poiblí ar líne.

8. An Coimisiún Eorpach, Teachtaireacht um Intleacht Shaorga don Eoraip {SWD (2018) 137 deiridh}, lch. 4.
9. An Coimisiún Eorpach, Plean Comhordaithe ar Intleacht Shaorga, COM (2018) 795 deiridh.
10. An Coimisiún Eorpach, Páipéar Bán ar Intleacht Shaorga - Cur chuige Eorpach i leith barr feabhais agus muiníne, COM (2020) 65 deiridh.
11. An Coimisiún Eorpach, Cumarsáid maidir le cur chuige Eorpach a chothú i leith Faisnéise Saorga , COM (2021) 206 deiridh

# Fís agus Cuspóirí

## Fís

Beidh Éire ina ceannaire idirnáisiúnta maidir le IS a úsáid chun leasa ár ndaonra, trí chur chuige eiticiúil dírithe ar dhaoine maidir le forbairt, glacadh agus úsáid IS.




### Cuspóirí

1. Muinín láidir ag an bpobal in IS mar fhórsa chun leasa na sochaí in Éirinn
2. Timpeallacht rialachais agus rialála sofhreagrúil agus iomchuí do IS
3. Táirgiúlacht mhéadaithe trí mhórathrú ar ghlacadh IS i bhfiontraíocht in Éirinn
4. Soláthar níos fearr seirbhísí poiblí trí mhórathrú ar ghlacadh IS i bhfiontraíocht in Éirinn
5. Éiceachóras láidir Éireannach le haghaidh taighde agus nuálaíocht IS atá ar ardchaighdeán agus a bhfuil freagracht ag baint leis
6. Fórsa saothair ullmhaithe le haghaidh IS agus á ghlacadh
7. Bonneagar sonraí, digiteach agus nascachta a sholáthraíonn bunús slán d'fhorbairt agus d'úsáid IS in Éirinn

# **Gné 1:**
# IS agus An tSochaí

**Cuspóir**
Muinín láidir ag an bpobal in IS mar fhórsa chun leasa na sochaí in Éirinn




## 1.1 Réamhrá

Is é teideal na straitéise seo "IS – Maith Ann É" chun aird a tharraingt ar acmhainneacht chlaochlaitheach IS chun aghaidh a thabhairt ar go leor dúshlán sochaíoch, comhshaoil agus eacnamaíoch. Mar shampla, is féidir le feidhmchláir IS ár gcuspóirí a chur chun cinn i réimsí mar ghníomhaíocht aeráide, sláinte phoiblí, oideachas, tithíocht, forbairt uirbeach, oidhreacht chultúrtha a chaomhnú, slándáil bia, cearta an duine, freagairt ar ghéarchéimeanna agus bainistíocht tubaiste, i measc nithe eile. Cé go mbeidh ról lárnach ag an Rialtas maidir le IS ar son maitheasa a éascú agus a chumasú, is aistear é seo a mbeidh baint ag an tsochaí go léir leis.

Caithfear IS a fhorbairt agus a úsáid le muinín, trédhearcacht agus cuntasacht. Trí phríomhfhócas de cheann d'ocht ngné na Straitéis seo a dhéanamh de chearta an duine agus prionsabail eiticiúla, tá Éire ag tabhairt coimitminte a chinntiú go bhfuil córais agus réitigh bunaithe ar IS a fhorbrófar agus a úsáidfear sa Stát seo iontaofa, cothrom agus uilechuimsitheach.

## 1.2 IS chun Leasa na Sochaí agus Inbhuanaitheacht

Tá IS á úsáid ag an Stát cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna tábhachtacha sochaíocha, mar shampla i réimsí na timpeallachta agus na gníomhaíochta aeráide, sláinte agus uilechuimsitheacht shóisialta.

**IS DON CHOMHSHAOL AGUS GNÍOMHAÍOCHT AERÁIDE**

Tá an-acmhainneacht ag IS i réimse na gníomhaíochta aeráide, áit ar féidir feidhmchláir IS a úsáid chun monatóireacht agus laghdú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh; monatóireacht chomhshaoil agus bainistíocht riosca fíor-ama a sholáthar; agus chun cabhrú le géarchéimeanna comhshaoil a chosc agus a mhaolú i measc rudaí eile. Nascann *Straitéis thionsclaíoch nua don Eoraip ghlas agus dhigiteach* (Márta 2020) an dá aistriú i dtreo neodracht aeráide agus ceannaireacht dhigiteach sa tionscal.

Samhlaítear i *bPlean Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann 2019* go mbeidh ról tábhachtach ag teicneolaíochtaí digiteacha cosúil le méadrú cliste (lena n-áirítear úsáid IS) i mbainistiú tomhaltais fuinnimh tí agus tráchtála, chomh maith leis an eangach fuinnimh a chothromú. Ag an am céanna, tá sé tábhachtach éilimh fuinnimh IS a aithint i gcomhthéacs athruithe comhshaoil agus aeráide. Caithfear IS a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe, ag cothromú na sochar i gcoinne na n-éifeachtaí féideartha comhshaoil. Spreagfar agus tacófar le hionaid sonraí in Éirinn prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a leabú, mar atá sainordaithe ag caighdeáin *Rialachán Éiceachórais an AE*.[12]

Déanfaidh an Grúpa Taighde agus Samhaltaithe a thionólfar as córas an Rialtais deiseanna IS i ngníomhaíocht aeráide a iniúchadh chun ról na nuálaíochta i ngníomhaíocht aeráide ar bhonn níos leithne a scrúdú.

12. Tugann Ráiteas an Rialtais ar Ról na nIonad Sonraí i Straitéis Fiontraíochta na hÉireann (2018), mar aon leis an bPlean Gníomhaíochta Aeráide, breac-chuntas ar an deis a sholáthraíonn Comhaontuithe Ceannaigh Cumhachta Corparáidí Fuinnimh In-athnuaite chun an méid fuinnimh in-athnuaite atá á úsáid ag ionaid sonraí a mhéadú in Éirinn (agus dá bharr sin an méid fuinnimh in-athnuaite atá á úsáid chun cumhacht a sholáthar do chineálacha áirithe IS in Éirinn). Tá Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI) i mbun taighde beartais sa réimse seo faoi láthair. Féach https://dbei.gov.ie/en/Publications/Government-Statement-Data-Centres-Enterprise-Strategy.html

## Cás-staidéar: IS chun éifeachtúlacht fuinnimh agus seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú

**ESB Networks**
Tá *ESB Networks* ag úsáid IS chun cur ar fáil a dteicneolaíocht méadar cliste a uasfheidhmiú. Trí Radharc Ríomhaireachta agus Meaisínfhoghlaim a úsáid, cinntíonn Líonraí ESB go bhfuil a mhéadair chliste nua suiteáilte go sábháilte agus i gceart. Is féidir le *Líonraí ESB* léamh méadair a aithint ó ghrianghraif anois go héasca- riachtanas ríthábhachtach do *Líonraí ESB* lena chinntiú go bhféadfaidh sé freagairt go tapa ar aon cheisteanna ó chustaiméirí. Bhuaigh an tionscadal seo an dámhachtain Uathoibriú Cliste – An Úsáid is Fearr a Baineadh as Uathoibriú Próisis Róbataigh & Dámhachtain Chognaíoch ag Gradaim IS 2019 AI Ireland.

**Seirbhísí Fuinnimh Chliste ESB**
Chuidigh staidéar nuálach cruthúnas ar choincheap a rinne *Seirbhísí Fuinnimh Chliste ESB*, in éineacht le IBM Research-Ireland, le Tesco Ireland a bhillí fuinnimh bliantúla iomlána a laghdú 25%. B'ionann an coigilteas ar chuisniú amháin agus 10Gwh. Dhírigh an staidéar ar thomhaltas ard fuinnimh na n-aonad cuisniúcháin san earnáil mhiondíola, ag úsáid anailíse bunaithe ar IS agus Idirlíon Rudaí chun an acmhainn coigiltis a aithint agus a bhailíochtú.

### IS DON TSLÁINTE
Tá acmhainneacht ollmhór ag IS i réimse an chúraim shláinte ó eispéiris othar a fheabhsú go hidirghabhálacha níos cruinne a sholáthar d'othair. Bhí ról tábhachtach ag IS sa fhreagairt dhomhanda ar phaindéim COVID-19. Tá rialtais ar fud an domhain ag baint leasa as IS i bhforbairt vacsaíní, i dtuar agus i samhaltú ráigeanna, rianú teagmhála uathoibrithe, slabhraí soláthair cliste agus mapáil spáis don scaradh sóisialta, i measc feidhmchlár eile.

### IS UM CHUIMSIÚ SÓISIALTA
Cé go bhfuil an baol ann go bhféadfadh cineálacha nua míchothromaíochtaí teacht de thoradh ar IS, féadfaidh sé deiseanna a chur ar fáil freisin chun rochtain agus ionchuimsiú a fheabhsú – san obair, san oideachas, sa saol laethúil, agus chun naisc dhaonna a dhéanamh. Mar shampla, tá róbataigh a chuimsíonn IS agus cúntóirí baile cliste á n-úsáid chun cabhrú le soláthar cúram sláinte agus sóisialta.[13]

Tá acmhainneacht shuntasach ann freisin le go gcuirfeadh IS acmhainní oideachais ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu.[14] Féadann nascleanúint agus rochtain a bheith níos éasca agus níos éifeachtaí do dhaoine a bhfuil leibhéil íseal radhairc acu trí theicneolaíochtaí séimeantacha bunaithe ar IS asbhainte ábhair dhigitigh. Ina theannta sin, is féidir le nuálaíochtaí bunaithe ar IS cosúil le fotheidealú beo fíor-ama cuidiú leo siúd a bhfuil lagú éisteachta orthu.
**I**

### NFHEISTÍOCHT STÁIT I bhFORBAIRT LEANÚNACH IS CHUN LEASA NA SOCHAÍ
Tá an Stát ag spreagadh taighde ar an gcaoi ar féidir IS a úsáid chun leasa na sochaí trí Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), atá ag infheistiú sa réimse seo lena gcláir mhaoinithe go léir. I measc na dtionscadal taighde tá IS a fhorbairt do chathracha cliste agus marthanacha agus iompar níos sábháilte; le haghaidh talmhaíochta níos éifeachtaí; ar mhaithe le sláinte an duine a fheabhsú; agus chun tuiscint níos láidre a fháil ar an gcomhshaol. Is minic a dhéantar na tionscadail seo i ndlúthchomhar le comhpháirtithe tionscail. Mar shampla, tá taighdeoirí ag Lero, Ionad Taighde FEÉ do Bhogearraí, ag obair le Microsoft chun "botaí comhrá" bunaithe ar IS a fhorbairt chun deiseanna a sholáthar do dhídeanaithe óga rochtain a fháil ar acmhainní oideachais ardchaighdeáin ina dteangacha féin agus leas a bhaint astu.

Tá IS chun Leas ana Sochaí ar cheann de na téamaí do Dhúshlánchiste Duaise Nuálaí Todhchaí FEÉ, ina dtacaítear le foirne idirdhisciplíneacha réitigh bunaithe ar IS a fhorbairt a thabharfaidh aghaidh ar dhúshláin sochaíocha náisiúnta agus domhanda.[15] Bronnadh maoiniú ar thrí thionscadal déag in 2020 chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí measta scóipe agus bailíochtaithe coincheapa, agus chuaigh sé cinn de na foirne seo ar aghaidh chuig an gcéim síl chun tuilleadh bailíochtaithe agus fréamhshamhlú a dhéanamh ar na réitigh atá beartaithe acu sna réimsí Sláinte, Comhshaoil agus Inbhuanaitheachta. Ag tógáil ar an tionscnamh seo, leathnóidh an Rialtas ar IS do Dhúshlánchistí chun Leasa na Sochaí i réimsí a bhfuil tábhacht náisiúnta leo agus le haghaidh tionchar sóisialta claochlaitheach.

13. Féach https://www.akara.ai/stevie.html
14. D'fhorbair cuideachta Éireannach iDyslexic feidhmchlár oideachais bunaithe ar líonra sóisialta ag úsáid IS do dhaoine atá a bhfuil disléicse agus/nó ADHD orthu. Féach https://www.thinkbusiness.ie/articles/idyslexic-social-network-dyslexia-adhd-autism-neurodiverse-brendan-morrissey/
15. https://www.sfi.ie/challenges/ai-societal-good/



## 1.3 Ag Dul i dTeagmháil leis an bPobal faoi IS agus Muinín a Chothú

Tá go leor tuairimí agus míthuiscintí ann faoi IS agus a cuid éifeachtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí. Is iondúil go mbíonn tionchar ag na scéalta coitianta, ficsean eolaíochta, agus fuilibiliú na meán ar ár gcuid smaointeoireachta faoi IS ach go minic bíonn siad neamhréadúil agus bíonn easpa nuance iontu.

Beidh sé riachtanach chun go n-éireoidh go foriomlán leis an straitéis IS muinín an phobail a chothú in IS agus teagmháil leis. Gné thábhachtach de seo is ea an creat láidir eiticiúil agus rialála atá leagtha amach i nGné 2. Mar sin féin, ní mór don Rialtas tosaíocht a thabhairt do bhearta chun feasacht a mhúscailt faoi IS agus deiseanna fónta a chruthú do rannpháirtíocht an phobail i bplé ar chásanna forbartha, rialachais agus úsáide IS.

Mar chuid den straitéis seo, ceapfaidh an Rialtas ambasadóir IS chun feasacht a chur chun cinn i measc an phobail agus na ngnólachtaí ar an acmhainneacht a chuireann IS ar fáil, ag fónamh mar churadh IS mar fhórsa dearfach don gheilleagar agus don tsochaí. Treoróidh an t-ambasadóir IS comhrá náisiúnta maidir le ról IS inár saol, ag cur béime ar chur chuige eiticiúil comhlíontach agus ag giaráil deiseanna mar Sheachtain Eolaíochta, urraithe ag FEÉ gach Samhain.

Chun obair an ambasadóra IS a threorú, tionólfar Tionól Óige ar IS chun dearcaí, ábhair imní agus físeanna daoine óga maidir le todhchaí cumasaithe ag IS a phlé – na buntáistí, na rioscaí agus na héifeachtaí atá aige ar ghrúpaí éagsúla sa tsochaí. Baineadh úsáid rathúil as samhail Tionól na Saoránach in Éirinn chun rannpháirtíocht an phobail ar ábhair mar athrú aeráide agus comhionannas inscne a éascú.

Úsáidfear acmhainní mar an Cúrsa Ollmhór Oscailte Ar Líne (MOOC) ar Ghnéithe IS, arna óstáil ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (COC) chun oideachas a chur ar an bpobal i gcoitinne faoi IS. Tá an MOOC seo ar fáil saor in aisce agus tá sé mar aidhm aige oideachas IS a sholáthar do 1% ar a laghad de dhaonra na hÉireann.

### **Eilimintí IS Cúrsa Ollmhór Oscailte Ar Líne** (MOOC) - https://www.elementsofai.com/ie

"Is cúrsa ar líne saor in aisce é "Eilimintí IS", atá in úsáid cheana i go leor tíortha agus á chur ar fáil anseo in Éirinn ag COC trí thairseach tiomnaithe Éireannach. Is é cuspóir an chúrsa gach duine a spreagadh, beag beann ar aois nó cúlra oideachais, chun buneilimintí IS a fhoghlaim. Agus an cúrsa á chríochnú acu ar líne ar a luas féin, rachaidh mic léinn i dtaithí ar go leor príomhchoincheapa ó réimse an IS agus tabharfar deimhniúchán críochnaithe dóibh ó COC. Ba iad Ollscoil Heilsincí agus Reaktor, cuideachta teicneolaíochta Fhionlannach, a dhear agus a d'eagraigh an cúrsa ar dtús. Tá sé curtha ar fáil saor in aisce i ngach Ballstát ag uachtaránacht AE na Fionlainne in 2019. Eiseofar leagan Gaeilge den chúrsa i 2021.

**Cuspóir**
Muinín láidir ag an bpobal in IS mar fhórsa chun leasa na sochaí in Éirinn

## Gníomhartha Straitéiseacha

i. Ambasadóir IS a cheapadh chun IS a chur chun cinn mar fhórsa dearfach don gheilleagar agus don tsochaí [RFTF]

ii. Tosaigh comhrá le leanaí agus daoine óga faoi IS trí Chomhairle na nÓg, an struchtúr náisiúnta maidir le comhairliúchán le leanaí agus daoine óga [DETE / DCEDIY]

iii. Cúrsaí a chur chun cinn agus a leathnú a chuireann oideachas ar an bpobal i gcoitinne faoi IS [RBATNE]

iv. Dúshlánchistí IS chun leasa na sochaí a leathnú [RBATNE, FEÉ / RCPA / Ranna ábhartha]

v. Cuir deiseanna ar fáil le haghaidh IS i ngníomh aeráide mar chuid d'fhorbairt bheartais aeráide sa todhchaí [RCAC / RBATNE, FEÉ / RFTF / DoT]



# Gné 2:
# Eiceachóras Rialachais a Chuireann is Iontaofa Chun Cinn

**Cuspóir**
Timpeallacht rialachais agus rialála sofhreagrúil agus iomchuí do IS



## 2.1 Réamhrá

Tá rioscaí féideartha ag baint le húsáid córas IS-bhunaithe, mar shampla cinnteoireacht teimhneach, leatrom, saincheisteanna príobháideachais, nó úsáid chun críocha coiriúla. Tá dúshláin ann freisin maidir le hinmhínitheacht, cuntasacht agus cothrom na Féinne a chinntiú. Chun IS a úsáid go rathúil agus go réidh ar fud an gheilleagair agus na sochaí teastaíonn creat láidir rialachais le cosaint a dhéanamh ar na rioscaí seo agus tacú le muinín an phobail in IS. Caithfidh a leithéid de chreat cothromaíocht a dhéanamh idir an gá lena chinntiú gur féidir le cuideachtaí agus eagraíochtaí deiseanna IS a thapú, leis an ngá le saoránaigh agus tomhaltóirí a chosaint ar rioscaí féideartha. Cinnteoidh an Rialtas creat láidir rialachais le haghaidh IS, bunaithe ar thrí philéar:

- Creat dlíthiúil sofhreagrúil agus iomchuí;
- Treoir agus creataí eitice a chur chun cinn go gníomhach; agus
- Córas láidir caighdeán agus deimhniúcháin.

## 2.2 Rioscaí Féideartha IS

**ACMHAINN LEATROIM AGUS CLAONTACHTA**
Tá an baol ann go bhféadfadh idirdhealú éagórach agus cóireáil mhíchothrom tarlú de bharr córas IS.[16] Is féidir leis an riosca leithcheala teacht chun cinn ar go leor bealaí, mar shampla sonraí oiliúna claonta, dearadh claonta algartam, nó úsáid chlaonta córas IS.

Tá sé de chumas ag córais IS-bhunaithe éagothromas struchtúrach atá ann cheana a mhéadú agus grúpaí leochaileacha a imeallú. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh saineaspa cruinnis i gcás daoine de chine daite ar theicneolaíocht IS-bhunaithe aitheantais aghaidhe a ndearnadh oiliúint dhíréireach uirthi ar dhath craicinn níos éadroime agus dá bhrí sin rátaí dearfacha bréagacha níos airde a léiriú don daonra seo.

D'fhéadfadh tionchar forleathan a bheith ag cinnteoireacht agus próifíliú ag córais IS-bhunaithe atá claonta go éagórach agus leatromach. Tá cinnteoireacht algartamach agus anailísíocht thuarthach á dtriail ag lucht riaracháin phoiblí ar fud an domhain i réimsí a mbeadh cuid mhór i ngeall leo mar phóilíneacht, cúnamh tithíochta, cúram sláinte agus incháilitheacht le haghaidh sochar sóisialta. San earnáil phríobháideach, d'fhéadfadh éifeachtaí suntasacha bheith ag úsáid algartam i gcinnteoireacht, mar shampla i gcinntí a bhaineann le hearcaíocht nó rochtain ar árachas agus creidmheas.

16. Féach mar shampla Safiya Noble, Algorithms of Oppression (2018); Virgina Eubanks, Automating Inequality (2018); Ruha Benjamin, Race After Technology (2019), Meredith Broussard, Artificial Unintelligence (2018); Angwin, J., Larson, J. Mattu, S. agus Kirchner, L., 'Machine Bias', ProPublica. 23 Bealtaine 2016.



**TRÉDHEARCACHT AGUS FREAGRACHT**
**Creat rialála cothrománach ae le haghaidh is á mholadh.** Féadfaidh an teimhneacht a bhaineann le go leor algartam IS an réasúnaíocht atá taobh thiar de chinntí IS-bhunaithe a cheilt agus fadhbanna a chruthú ó thaobh inmhínitheachta agus cuntasachta de. Tá sé tábhachtach mar sin a chinntiú go bhfuil faisnéis faoin gcaoi a ndéanann córais IS cinntí iarmhartacha ar fáil go poiblí agus intuigthe.

## 2.3 Creat Dlíthiúil le haghaidh IS iontaofa

**CREAT RIALÁLA COTHROMÁNACH AE LE HAGHAIDH IS Á MHOLADH**
Dar leis an gCoimisiún Eorpach go bhfuil creat rialála Eorpach soiléir le haghaidh IS riachtanach chun muinín an phobail a chothú, agus mar sin chun glacadh, nuálaíocht agus infheistíocht sna teicneolaíochtaí seo a luathú. Thug *Páipéar Bán an Choimisiúin um Intleacht Shaorga - cur chuige Eorpach i leith barr feabhais agus muiníne* (2020) breac-chuntas ar phríomhphrionsabail chreat rialála AE le haghaidh IS sa todhchaí agus molann sé 'éiceachóras muiníne' a bhunú (chomh maith le héiceachóras barr feabhais) chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a bhraitear a d'fhéadfadh a bheith le IS. Is féidir seasamh náisiúnta na hÉireann ar Pháipéar Bán an Choimisiúin Eorpaigh ar IS a fheiceáil ar líne.[17]


In Aibreán 2021, mhol an Coimisiún gníomhaíocht reachtach ar chreat cothrománach le haghaidh IS, ag díriú ar shaincheisteanna sábháilteachta agus meas ar chearta bunúsacha.[18] Is éard atá i gceist go ndéanfaidh an teaglaim den Rialachán beartaithe agus Plean Comhordaithe nua ar IS le Ballstáit foráil d'éiceachóras muiníne. Tá na rialacha nua atá beartaithe deartha le bheith comhréireach agus solúbtha, ag leanúint cur chuige riosca-bhunaithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sonracha a bhaineann le catagóirí agus feidhmchláir éagsúla córas IS (atá aicmithe mar riosca do-ghlactha; ardriosca; riosca teoranta, agus riosca íosta).

Leanfaidh Éire uirthi ag glacadh páirt ghníomhach i bplé ar leibhéal an AE chun creat rialála cothrom agus ullamh don todhchaí a shainiú a chinnteoidh go gcosnófar cearta bunúsacha, agus an nuálaíocht á cothú agus leas á bhaint as na deiseanna a chuireann IS ar fáil.

I bhfianaise an chaoi go mbíonn IS agus na dúshláin a ghabhann léi ag athrú, is féidir le solúbthacht agus tástáil a bheith ina nithe tábhachtacha chun creat rialachais a fháiltíonn roimh an nuálaíocht, agus atá bunaithe ar fhianaise agus athléimneach a chinntiú. Breithneofar córais chun maoirseacht dheonach agus féinrialála a dhéanamh ar IS le haghaidh IS neamh-ardriosca, mar shampla, cláir phíolótacha, caighdeáin, scéimeanna lipéadaithe agus deimhniúcháin agus boscaí gainimh rialála. Úsáidfear uirlisí beartais eile cosúil le measúnuithe tionchair, cóid chleachtais faoi stiúir an tionscail agus treoirlínte eiticiúla. Comhtháthaíonn cur chuige ilghnéitheach den sórt sin dlíthe, institiúidí rialála agus córais deonacha go héifeachtach. Creidimid go gcuideoidh an 'meascán cliste' seo de bhearta deonacha agus éigeantacha le muintir a chosaint, nuálaíocht in IS a éascú agus meas a bheith againn ar ár luachanna daonlathacha.

17. See https://enterprise.gov.ie/en/Publications/National-Submission-EU-White-Paper-on-AI.html
18. Proposal for a Regulation laying down harmonised rules on artificial intelligence (Artificial Intelligence Act), COM(2021) 206 final and Communication on Fostering a European Approach to AI, COM(2021) 205 final.

# Cur Chuige Rioscabhunaithe maidir le Rialúchán




## RÓL NA nÚDARÁS NAISIÚNTA AGUS NA gCOMHLACHTAÍ RIALÁLA ÁBHARTHA

Is cuid riachtanach den chreat rialachais le haghaidh IS é córas éifeachtach monatóireachta agus forfheidhmithe. Déanfar rialacha beartaithe an AE maidir le IS a fhorfheidhmiú trí chóras rialachais ar leibhéal na mBallstát bunaithe ar chóras ina gcuirtear scéala chuig údarás, agus sásra comhoibrithe ar leibhéal an Aontais le Bord Eorpach Faisnéise Saorga a bhunú.

Breithneoidh an Rialtas sásra oiriúnach a bhunú chun cur chuige comhordaithe a chinntiú ag rialtóirí éagsúla in Éirinn maidir le cúrsaí digiteacha, lena n-áirítear IS, mar chuid den Straitéis Náisiúnta Digiteach atá le teacht.

## RIALÁIL THÁSTÁLA – BOSCAÍ GAINIMH RIALÁLA LE HAGHAIDH IS

Ina rialachán nua beartaithe le haghaidh IS, tá na Ballstáit á spreagadh ag an AE le boscaí gainimh rialála a bhunú chun deis a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide triail a bhaint as cineálacha cur chuige nuálacha IS agus soláthraíonn sé creat sonrach chun é sin a dhéanamh.[19] Soláthraíonn boscaí gainimh den sórt sin comhthéacs struchtúrtha le haghaidh tástála, lena gcumasaítear tástáil teicneolaíochtaí, táirgí, seirbhísí nó cineálacha cur chuige nuálacha i dtimpeallacht domhain réadaigh agus ar feadh tréimhse teoranta, faoi mhaoirseacht rialála agus cinntiú go bhfuil cosaintí iomchuí i bhfeidhm. Tá siad úsáideach go háirithe i réimsí ina bhfuil éiginnteacht faoin gcaoi ar cheart rialacháin a léirmhíniú. Breithneoidh an Rialtas acmhainneacht agus riachtanais boscaí gainimh rialála le haghaidh IS in earnálacha roghnaithe.

## TIONCHAR IS AR RIALÁIL ATÁ ANN CHEANA

Tá feidhm ag cuid mhór den acquis rialála atá ann cheana i gcomhthéacs IS. Mar sin féin, i bhfianaise nuachta IS, d'fhéadfadh roinnt bearnaí dlí teacht chun cinn i gcás nach dtugann na rialacháin atá ann cinnteacht dhlíthiúil go fóill nó nach dtéann siad i ngleic go cuimsitheach le héifeachtaí díobhálacha féideartha IS. I roinnt cásanna, is féidir an bhearna a líonadh le treoir léirmhínithe. I gcásanna eile, áfach, d'fhéadfadh go mbeadh gá le rialachán nuashonraithe nó nua.

Chomh maith le moltaí ar leibhéal an AE chun IS a rialáil, tá obair ar siúl ar leibhéal náisiúnta chun bearnaí dlíthiúla IS a scrúdú agus aghaidh a thabhairt orthu. Mar shampla, chuir an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí tuarascáil ar IS faoi bhráid an Tánaiste agus an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i mí na Nollag 2020, ina ndearnadh anailís ar éifeachtaí féideartha úsáid mhéadaithe IS i gcomhthéacs dhlí na gcuideachtaí agus cúrsaí rialachais chorparáidigh.[20]

Cuimsíonn an obair seo chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí rialála raon leathan córas dlí agus rialála lena n-áirítear cosaint sonraí; ceartas; póilíneacht; maoin intleachtúil; iompar agus tarlú; airgeadas; sláinte; cearta an duine, rialuithe onnmhairiúcháin; cosaint tomhaltóirí; dlí na hiomaíochta agus dlí na gcuideachtaí.

19. Conclúidí Chomhairle an AE maidir le Boscaí Gainimh Rialála agus Clásail Tástála mar uirlisí do chreat rialála atá neamhdhíobhálach don nuálaíocht, atá sábháilte don todhchaí agus athléimneach a mháistir dúshláin suaiteacha san aois dhigiteach (16 Samhain 2020).
20. Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí (2020), Tuarascáil Speisialta Uimh. 4, Tuarascáil ar an Tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag Intleacht Shaorga ar Dhlí na gCuideachtaí i gComhthéacs an Rialachais Chorparáidigh, 22 Nollaig 2020.

## 2.4 Eitic agus Rialachas Idirnáisiúnta IS

Ba cheart go mbeadh meas ag córais IS ar luachanna eiticiúla na sochaí. Le blianta beaga anuas, forbraíodh roinnt creataí eitice le haghaidh IS d'fhonn forbróirí agus úsáideoirí IS a spreagadh chun cúrsaí eitice a chur san áireamh trí shaolré iomlán an chórais IS. Is iad Treoirlínte Eitice an AE maidir le IS Iontaofa is ábhartha i gcomhthéacs Eorpach.

### TREOIRLÍNTE EITICE AN AE DO IS IONTAOFA

Bhunaigh an Coimisiún Eorpach *Grúpa Ardleibhéil Saineolaithe an AE ar IS (GAS ar IS)* agus tar éis comhairliúcháin leathan le páirtithe leasmhara d'fhoilsigh sé sraith *Treoirlínte Eitice le haghaidh IS Iontaofa* in Aibreán 2019, ar thacaigh an Coimisiún leo ina dhiaidh sin.[21] Gabhann *Liosta Measúnachta le haghaidh IS Iontaofa (LMISI)* leis na Treoirlínte agus soláthraíonn sé creat oibríochta chun tacú lena gcur i bhfeidhm ag forbróirí agus úsáideoirí IS. Forbraíodh uirlis phraiticiúil bunaithe ar an ngréasán chun comhlíonadh a éascú agus tá sé á óstáil ag an Ionad Léargas um Anailísíocht Sonraí ag UCC, arna mhaoiniú ag FEÉ. [22]

Beidh eitic ag croílár chur chuige an Rialtais i leith glacadh IS ag gnóthais a spreagadh. Beidh cúnamh ann dó seo ón Mol Náisiúnta Nuálaíochta IS a thabharfaidh (i dteannta leis na Moil Nuálaíochta Digiteacha Eorpacha eile) tacaíocht chomhairleach do ghnólachtaí a chabhróidh leo iontaofacht chórais IS a mheas. Áireofar leis seo cás-staidéir agus pacáistí uirlisí a sholáthar do FBManna chun IS eiticiúil agus iontaofa a chur i bhfeidhm.

### Grúpa Ardleibhéil Saineolaithe an AE ar IS: Treoirlínte Eitice le haghaidh IS Iontaofa

D'fhoilsigh Grúpa Ardleibhéil Saineolaithe an AE ar IS (GAS IS), grúpa saineolaithe neamhspleách a bhunaigh an Coimisiún Eorpach, tacar Treoirlínte Eitice le haghaidh IS Iontaofa in Aibreán 2019. Soláthraíonn siad creat úsáideach chun na dúshláin a bhaineann le IS a mheas, bunaithe ar thrí phríomhchuid: (i) dlíthiúlacht; (ii) eitic; agus (iii) téagar.

Liostaíonn na Treoirlínte seacht riachtanas níos mionsonraithe:

- Gníomhaíocht dhaonna agus maoirseacht
- Téagar agus sábháilteacht theicniúil
- Príobháideacht agus rialachas sonraí
- Trédhearcacht
- Éagsúlacht, neamh-idirdhealú agus cothroime
- Folláine chomhshaoil agus shochaíoch
- Cuntasacht

### Uirlis Ar Líne chun IS Iontaofa a Mheas

Is seicliosta ceisteanna é an Liosta Measúnachta le haghaidh IS Iontaofa (LMISI) do ghnólachtaí agus d'eagraíochtaí le measúnú a dhéanamh an gcloíonn an córas IS atá á fhorbairt, á úsáid nó á sholáthar le seacht gceanglas IS iontaofa, mar a shonraítear i dTreoirlínte Eitice GAS IS an AE.

Tá uirlis ar líne, á hóstáil ag an Ionad Léargas ag UCC, ar fáil ag: http://altai.insight-centre.org do gach úsáideoir ar mian leo a gcórais agus a dtáirgí IS a mheas. Dearadh an uirlis chun forbróirí agus úsáideoirí IS a threorú go praiticiúil trí sheicliosta inrochtana dinimiciúil do na seacht gceanglas atá le IS iontaofa.

### RIALACHAS IS IDIRNÁISÚNTA

Tacaíonn eagraíochtaí socraithe caighdeán iltaobhacha, mar na Náisiúin Aontaithe (NA), Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Cultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO), an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD) agus Comhairle na hEorpa le cur chuige bunaithe ar chearta an duine i leith IS.[23] Cosnaíonn an dlí cearta an duine agus mar sin ba cheart go mbeadh siad mar bhonn agus mar thaca ag treoir eitice le haghaidh IS.

21. An Coimisiún Eorpach (2019), Teachtaireacht maidir le hIontaobhas a Chothú in Intleacht Shaorga atá Dírithe ar an Duine.
22. Liosta Measúnaithe um Intleacht Shaorga Iontaofa (ALTAI) le haghaidh féin-mheasúnaithe | Todhchaí digiteach na hEorpa a mhúnlú (europa.eu)

I mBealtaine 2019, d'eisigh an OECD *Moladh maidir le hIntleacht Shaorga, a chuimsíonn sraith Prionsabal maidir le maoirseacht fhreagrach ar IS iontaofa.*[24] Soláthraíonn an OECD rúnaíocht don *Chomhpháirtíocht Dhomhanda ar IS (CDIS)* a seoladh i mí Iúil 2020.

## Comhpháirtíocht Dhomhanda ar IS (CDIS)

Is tionscnamh idirnáisiúnta, ilpháirtí é CDIS a thugann saineolaithe domhanda le chéile chun comhoibriú agus comhordú ar shaincheisteanna IS feidhmiúla a chothú. Faigheann sé tacaíocht ó rúnaíocht arna óstáil ag an OECD, in éineacht le hIonaid Saineolais i Montréal agus i bPáras.

Tá ceithre ghrúpa oibre curtha le chéile chun díriú ar na téamaí seo a leanas:

- úsáid fhreagrach IS (lena n-áirítear foghrúpa ar IS sa Fhreagairt Phaindéimeach)
- rialachas sonraí
- todhchaí na hoibre
- nuálaíocht agus tráchtálú

Ar leibhéal Chomhairle na hEorpa, *bunaíodh Coiste Ad Hoc ar Intleacht Shaorga (CAHAI)* chun scrúdú a dhéanamh ar indéantacht agus eilimintí féideartha chreata dlí d'fhorbairt, do dhearadh agus do chur i bhfeidhm IS. Ag aithint teorainneacha na dtreoirlínte maidir le heitic dheonach, tá sé mar aidhm shonrach ag an CAHAI cosaint chearta an duine, an daonlathais agus an smachta dlí a chinntiú trí mheascán d'ionstraimí dlí ceangailteacha agus neamhcheangailteacha, lena n-áireofaí coinbhinsiún idirnáisiúnta nua ar IS b'fhéidir. Ag UNESCO, tá tús curtha le hobair ar dhréacht-*Mholadh ar Eitic na hIntleachta Saorga*, a ghlacfar níos déanaí i mbliana. Tá ionadaithe na hÉireann rannpháirteach go gníomhach sa phlé seo.

Leanfaidh Éire uirthi ag déanamh monatóireachta agus ag glacadh páirte i bplé ar rialachas IS sna fóraim ilnáisiúnta seo.

### MEASÚNACHT TIONCHAIR EITICE AGUS CEARTA DAONNA CÓRAS IS

Is uirlis thábhachtach iad measúnuithe tionchair chun aon rioscaí féideartha tionchair dhíobhálaigh IS a aithint agus a mhaolú. Is féidir na measúnuithe tionchair seo a dhéanamh go deonach faoi chur chuige bunaithe ar eitic, ach is féidir iad a thabhairt isteach faoi chreat dlíthiúil ceangailteach.

De réir dlí an AE teastaíonn Measúnuithe Tionchair in earnálacha ar leith cheana féin, mar shampla Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí (MTCS) faoin RGSC. Tagraíonn an Liosta Measúnachta le haghaidh IS Iontaofa (LMISI) go sonrach don ghá le measúnú bunúsach ar thionchar ar chearta a dhéanamh do chórais IS agus soláthraíonn sé samplaí de cheisteanna ábhartha chun na críche seo.[25] Molann Comhairle na hEorpa freisin gur cheart do Rialtais measúnuithe tionchair ar chearta an duine a dhéanamh i réimse an IS.[26]

Caithfear aird faoi leith a thabhairt ar pheirspictíocht eiticiúil agus ar chearta an duine chun IS a chur in úsáid i réimsí áirithe seirbhíse poiblí - mar shampla póilíneacht. Agus glacadh IS sa tseirbhís phoiblí á spreagadh aige, breithneoidh Bord Soláthair GovTech cosaintí iomchuí - lena n-áirítear an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as measúnuithe tionchair - lena chinntiú go bhfuil úsáid IS laistigh den tSeirbhís Phoiblí ag teacht le prionsabail eiticiúla agus le hoibleagáidí maidir le cearta an duine.

### TAIGHDE FAOI IMPLEACHTAÍ EITICE AGUS SOCHAÍOCHA IS A CHUR CHUN CINN

Tá feidhmeanna agus impleachtaí IS ildisciplíneach agus féadann siad ceisteanna casta eitice agus sochaíocha nua a tharraingt anuas. Chun freagairt i gceart, ba cheart cur chuige idirdhisciplíneach a ghlacadh, ag tabhairt isteach raon leathan peirspictíochtaí, lena n-áirítear innealtóireacht, eolaíochtaí nádúrtha agus sóisialta, an dlí, na healaíona agus na daonnachtaí. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí peirspictíochtaí idirdhisciplíneacha ar IS a chomhtháthú in oideachas agus oiliúint teicneolaíochta chun inniúlachtaí forbróirí, lucht déanta beartas agus rialtóirí a chothú chun tionchair ilghnéitheacha na gcóras IS a thuiscint.

23. Is féidir feidhmithe suntasacha an chreata idirnáisiúnta um chearta an duine maidir le saincheisteanna rialachais IS a fháil i dtuarascálacha a d'fhoilsigh roinnt Rapóirtéirí Speisialta de chuid na Náisiún Aontaithe, e.g. A/73/348, tuarascáil ar theicneolaíochtaí Intleachta Saorga agus impleachtaí do shaoirse cainte agus don timpeallacht faisnéise; A/74/493, tuarascáil ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha sa stát leasa; A/HRC/41/41, tuairisc ar na cearta chun saoirse comhthionóil shíochánta agus chun saoirse comhlachais: An Aois Dhigiteach; A_HRC_44_57, tuarascáil ar leithcheal ciníoch agus teicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn: anailís ar chearta an duine.
24. Moladh Chomhairle OECD maidir le hIntleacht Shaorga, OECD/Dleathach/0449, (arna ghlacadh 22 Bealtaine 2019), lgh. 7-8.
25. Grúpa Ardleibhéil Saineolaithe an AE ar Intleacht Shaorga, Liosta Measúnachta um Intleacht Shaorga Iontaofa (LMISI) le haghaidh féinmheasúnaithe, 17 Iúil 2020, lch.5.
26. Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine, 'An Intleacht Shaorga a Dhíchódú: 10 gCéim chun Cearta an Duine a Chosaint' (Comhairle na hEorpa, Bealtaine 2019). Ar fáil ag https://rm.coe.int/unboxing-artificial-intelligence-10-steps-to-protect-human-rights-reco/1680946e64

### Taighde faoi Thionchair Eitice agus Sochaíocha IS

Ag aithint an ghá le cur chuige eiticiúil agus eolas-bhunaithe a chinntiú maidir le forbairt IS in Éirinn agus chun cur le hacmhainn taighde chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin sochaíocha, tá taighde sna réimsí seo ar siúl ag go leor institiúidí taighde in Éirinn, lena n-áirítear iad siúd a dtacaíonn FEÉ leo.

Mar shampla, óstálann Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (UCD) *Grúpa Taighde um Eitic Meaisín*[27] agus óstálann Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath *Institiúid Eitice*[28] le tionscadail ar róbataic chuimsitheach, chomh maith le príobháideacht agus olltiomsú sonraí. Tairgeann Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath cúrsa roghnach 'Saotharlann Eitice' agus 'Canbhás Eitice', lena n-áirítear plé le ceisteanna maidir le húsáid na gcóras IS sa todhchaí.[29]

Tá Éire rannpháirteach i go leor tionscnamh taighde Eorpach sa réimse seo chomh maith: Tá Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ar cheann d'ocht gcomhpháirtí i dtionscnamh píolótach den Chomhghuaillíocht "Ollscoil Teicneolaíochta na hEorpa - Eut+" chun saoránaigh atá freagrach ó thaobh teicneolaíochta de a ullmhú trí Ollscoileanna Eorpacha na todhchaí.[30] Le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach, bhunaigh Coláiste na Tríonóide an clár comhaltachta idirnáisiúnta agus idirdhisciplíneach HUMAN+, faoi stiúir Institiúid Taighde Ealaíon agus Daonnachtaí Long Room Hub agus Ionad ADAPT FEÉ. Cuimsíonn sé tionscadal ar Eitic IS agus nascann sé taighdeoirí ó na healaíona agus na daonnachtaí le taighdeoirí ó eolaíochtaí ríomhaireachta agus innealtóireacht, agus é mar aidhm nuálaíochtaí teicneolaíochta a chur chun cinn ó thaobh an duine de.[31]

In 2021, ghlac Ionad ADAPT, Gailearaí Eolaíochta Bhaile Átha Cliath agus comhpháirtithe eile páirt i gcomhoibriú ildisciplíneach nuálach idir ealaíontóirí agus teicneolaithe ar théama na claonta, ag iniúchadh IS, Eitic, Iontaobhas agus Dlí agus Cirt.[32] Ar thús cadhnaíochta san Eoraip, tá modúl ceannródaíoch dlí agus teicneolaíochta curtha i bhfeidhm do mhic léinn fochéime in Ollscoil Mhá Nuad.

## 2.5 Caighdeáin agus Deimhniúchán le Haghaidh IS Iontaofa

CAIGHDEÁIN

Tá caighdeánú ríthábhachtach chun an chuntasacht agus an muinín a sholáthar atá riachtanach chun glacadh tráchtála agus sochaíoch le IS a chinntiú. Soláthraíonn caighdeáin bealach tábhachtach chun éifeacht theicniúil a thabhairt do phrionsabal nó do rialachán ar bhealach is féidir a mheas, a chur i gcomparáid agus a dheimhniú, agus ar an gcaoi sin bealach comhlíonta a thairiscint. Chun tacú le ról na gcaighdeán, teastaíonn uirlisí agus seirbhísí dearbhaithe freisin. Is féidir le samhlacha dearbhaithe atá ann cheana - iniúchtaí, scéimeanna deimhniúcháin, próisis chreidiúnaithe agus measúnuithe tionchair - a bheith mar chuid d'éiceachóras dearbhaithe IS.

Glacann Éire, trí Údarás Caighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI), páirt san Eagraíocht um Chaighdeáin Idirnáisiúnta (ISO), atá i mbun obair chaighdeánaithe a bhaineann le IS.[33] Tá saineolas dea-fhorbartha cheana i gCaighdeánú IS anseo in Éirinn agus tá Ionad ADAPT, i gcomhar le NSAI, tar éis breis agus €1 milliún a fháil mar mhaoiniú AE chun an chéad ghlúin eile de shaineolaithe caighdeán idirnáisiúnta a earcú agus a oiliúint.

Bhunaigh Éire Foireann Uachtair um Chaighdeáin le haghaidh IS in 2020, agus é mar aidhm aici ceannaireacht idirnáisiúnta na hÉireann i bhforbairt Caighdeán IS a leathnú. Faoi stiúir an NSAI, tá an Fhoireann Uachtair ag oibriú leis an saol acadúil, leis an tionscal agus le rialtóirí chun treochlár a fhorbairt do Chaighdeáin agus Dearbhú IS. Scrúdóidh sé freisin cén treoir agus cúnamh a theastaíonn ó fhiontair agus eagraíochtaí na hÉireann chun glacadh le IS go sábháilte agus go heiticiúil, ag baint úsáide as caighdeáin atá foilsithe agus á bhforbairt.

27. https://aristotle.ucd.ie/#about
28. https://www.dcu.ie/ethics
29. https://www.tcd.ie/trinity-electives/electives/The-ethics-lab/ and www.ethicscanvas.org
30. https://www.univ-tech.eu/
31. https://humanplus.ie/
32. https://dublin.sciencegallery.com/bias
33. ISO/IEC JTC 1 SC 42.

### DEIMHNIÚCHÁN

Bealach eile chun cur le muinín i gcórais IS agus cosán chun comhlíonta a sholáthar is ea scéimeanna deimhniúcháin nó cóid iompair (cibé acu deonach nó éigeantach iad). Féadann deimhniúchán dearbhú neamhspleách agus éifeachtach a thabhairt go bhfuil cosaint agus slándáil na sonraí pearsanta a bhfuil baint acu le hoiliúint, tástáil agus cur i bhfeidhm algartam, samhlacha agus córas IS ag teacht le caighdeáin idirnáisiúnta agus Éireannacha. Is féidir é seo a úsáid chun próiseáil sonraí IS éifeachtach, freagrach, cuntasach agus eiticiúil sonraí pearsanta a chur chun cinn. Mar shampla, is bealach iad na sásraí Cód Iompair agus Deimhniúcháin faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGSC) trínar féidir comhlíonadh an Rialacháin sin a fhíorú.

D'fhéadfadh sé seo a bheith an-chabhrach agus buntáisteach nuair a d'fhéadfadh cinntí a bhfuil tionchar nó riosca ag gabháil leo do dhaoine aonair a bheith mar thoradh ar úsáid IS in oibríochtaí próiseála sonraí. D'fhéadfadh sé go mbeadh na rioscaí seo suntasach i roinnt cásanna agus go dtiocfadh claontacht, leithcheal nó teorannú cearta chun cinn dá bhrí sin.

Scrúdóidh an Fhoireann Uachtair um Chaighdeáin bealaí chun tacú le forbairt scéimeanna deimhniúcháin agus cóid iompair chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe áirithe de phróiseáil IS nó céimeanna éagsúla d'fhorbairt agus d'oibríochtaí IS i réimsí mar:

- explainability and transparency
- determination or demonstration of fairness
- estimations of bias in training data
- mechanisms to effectively audit AI systems
- securing AI datastores and training sets
- data minimisation and anonymisation techniques that provide for effective outputs or AI "decisions"
- effective support for GDPR rights in AI systems
- design principles for AI systems that ensure effective data protection

**Cuspóir**
Timpeallacht rialachais agus rialála sofhreagrúil agus iomchuí do IS

#### Gníomhartha Straitéiseacha

i. Leanúint ar aghaidh ag glacadh páirt ghníomhach i bplé ar leibhéal an AE chun creat rialála cothrománach a shainiú le haghaidh IS [RFTF]

ii. Smaoinigh ar shásra iomchuí chun cur chuige comhordaithe ag rialtóirí Éireannacha a chinntiú maidir le cúrsaí Digiteacha, lena n-áirítear IS, mar chuid den Straitéis Dhigiteach Náisiúnta atá le teacht [DoT / RFTF / RCAC / RCeartas / RTCEGSM / RFTF]

iii. Bealaí a scrúdú agus a chur chun cinn chun cabhrú le gnóthais féin-mheasúnú a dhéanamh ar iontaofacht a gcóras IS, lena n-áirítear cás-staidéir agus uirlisí a fhorbairt do FBManna [RFTF / FÉ, IDA / RBATNE]

iv. Treochlár Caighdeán agus Dearbhaithe a fhoilsiú le haghaidh IS. [RFTF-NSAI]

v. Imscrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht agus riachtanais boscaí gainimh rialála le haghaidh IS [RFTF-NSAI / RFTF-FÉ / IDA / RBATNE-FEÉ]

vi. Dul leis an gComhpháirtíocht Dhomhanda ar IS [RFTF / RGE]

vii. Leanúint ar aghaidh ag tacú le fóraim iltaobhacha ar chur chuige eiticiúil bunaithe ar chearta an duine i leith IS [RGE / Ranna eile de réir mar is cuí]

viii. Smaoinigh ar impleachtaí IS mar chuid d'athbhreithniú pleanáilte ar an reachtaíocht chomhionannais [RLCMLÓ]

# Gné 3:
# Glacadh is i Bhfiontraíocht Éireann a Chur Chun Cinn

**Cuspóir**
Táirgiúlacht méadaithe trí mhórathrú ar ghlacadh IS i bhfiontraíocht in Éirinn




## 3.1 Réamhrá

Is réimse é IS atá ag forbairt go gasta, agus tugann sé seo deiseanna móra d'fhiontair na hÉireann. Ar fud an domhain, meastar go bhféadfadh cur i bhfeidhm IS fás eacnamaíoch a dhúbailt faoi 2035.[34] Tá tuartha ag PWC go gcuirfidh IS borradh 11.6% nó € 48 billiún faoi OTI na hÉireann in 2030.[35] Is féidir le gnóthais IS a úsáid chun táirgí atá ann cheana a fheabhsú, táirgí nua a fhorbairt, agus a dtuiscint ar riachtanais na gcustaiméirí a mhéadú. Féadann glacadh IS bearta éifeachtúlachta, feabhsúcháin phróisis agus cáilíocht táirgeachta méadaithe do ghnólachtaí a sholáthar. Is féidir le IS cuidiú le cultúr lucht saothair a bhfuil réiteach fadhbanna agus féinfhoghlaim chun cinn ann a chothú, agus leathadh na nuálaíochta a fheabhsú.

Is in Éirinn atá ceanncheathrú na hEorpa ag go leor de na cuideachtaí Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) domhanda is mó, agus tá ár ngnólachtaí atá dírithe ar theicneolaíocht ina mbonn láidir cheana féin d'fhorbairt rathúil, do thráchtálú agus d'úsáid IS. In Innéacs Ullmhacht IS an Rialtais 2020, tá Éire sa dara háit ar domhan i dtéarmaí méadrach earnáil na teicneolaíochta (bunaithe ar thomhais per capita). Ní do ghnólachtaí ar thús cadhnaíochta amháin IS áfach. Ginfear an tairbhe eacnamaíoch is mó a bhaineann le IS trí ghlacadh forleathan le teicneolaíochtaí IS ag fiontair de gach méid - ó FBManna beaga go FInna - chun a dtáirgiúlacht a fheabhsú.

Faoin straitéis IS, spreagfaidh an Rialtas glacadh forleathan IS i bhfiontraíocht na hÉireann trí chur chuige céimnithe de chur le feasacht, deiseanna tástála agus píolótaithe, cúnamh le pleanáil agus forbairt acmhainneachta le haghaidh IS, agus cúnamh le haghaidh cur i bhfeidhm. Spreagfaidh agus éascóidh an Rialtas an t-idirghníomhaíocht leanúnach agus mhéadaitheach idir taighde agus tionscal ar IS, chomh maith le comhoibriú agus iarmhairtí idir FBManna agus cuideachtaí domhanda atá lonnaithe in Éirinn a spreagadh. Cuirfimid úsáid IS chun cinn chun ár ngeilleagar a athrú ó bhonn, ag déanamh athmhachnaimh bhunúsaigh ar mhúnlaí gnó chun gnóthachain táirgiúlachta a bhaint amach agus réimsí nua fáis a chruthú.

34. Féach Purdy, M. & Daughery, D. (2016), Why Artificial Intelligence is the Future of Growth, Worldwide: Accenture. https://www.accenture.com/_acnmedia/PDF-33/Accenture-Why-AI-is-the-Future-of-Growth--Country-Spotlights.pdf
35. https://www.pwc.ie/publications/2017/economic-impact-of-artificial-intelligence-ireland-economy-report.pdf

## 3.2 Ullmhacht Fhiontraíocht Éireann chun IS a ghlacadh

Tá fás ag teacht ar líon na gcuideachtaí in Éirinn atá ag bogadh i dtreo digitiú agus comhtháthú IS ina samhlacha gnó. Ó bhonn beag cuideachtaí go luath sna 2000idí, tá fás seasta tagtha ar Enterprise Ireland i líon na bhfiontraithe IS agus na ngnólachtaí nuathionscanta a fuair cúnamh ón ngníomhaireacht - ó chuideachtaí a d'úsáid algartaim IS chun seirbhísí anailíse sonraí a sholáthar, go raon d'fheidhmchláir lena n-áirítear eispéiris shaincheaptha do chustaiméirí atá bunaithe ar an nguth; seirbhísí tairisceana soláthair dhomhanda; agus measúnú cúrsa oideachais. Tá IS anois ina thiománaí táirgiúlachta tábhachtach do raon leathan earnálacha, lena n-áirítear teicneolaíocht, seirbhísí airgeadais, talmhaíocht, soghluaisteacht, innealtóireacht agus eolaíochtaí beatha. Ina theannta sin, tá líon méadaitheach FBManna ag glacadh IS ina gcuid samhlacha agus oibríochtaí gnó atá ann cheana chun iomaíochas agus forbairt táirgí a fheabhsú. I measc na ngnáthúsáidí IS ag gnólachtaí Éireannacha tá cleachtais déantúsaíochta a bharrfheabhsú, seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú, barrfheabhsú an tslabhra soláthair agus bainistíocht riosca.

### Cad a thairgeann IS do FBManna?

I gcás fhormhór na FBManna in Éirinn, is é an bealach is fearr le leas a bhaint as IS ná pacáiste IS mar atá le ceannach i siopa a cheannach. Tá réimse leathan feidhmchlár IS ann ar féidir le gnóthais iad a úsáid chun tuiscint níos fearr a fháil ar a gcuid custaiméirí, chun a bpróisis ghnó a athrú, agus chun a gcuid táirgí a fheabhsú:

**Ag tuiscint custaiméirí**
Tá IS ag cabhrú cheana le gnóthais ar fud an domhain tuiscint níos fearr a fháil ar iompraíochtaí a gcustaiméirí agus a gcuid riachtanas. Gineann gnóthais a lán sonraí mar chuid dá n-oibríochtaí laethúla, mar shampla sonraí díolacháin nó sonraí láithreáin ghréasáin. Is féidir le IS cabhrú le léargais simplí a bhaint as na sonraí sin a ligeann do ghnólachtaí cinntí níos fearr a dhéanamh maidir le cá háit agus conas a gcuid ama agus airgid a infheistiú. Mar shampla, cuidiú le sainaithint agus tuar a dhéanamh ar na custaiméirí is dóichí a cheannóidh táirge nó seirbhís. Ansin is féidir le gnóthais a n-iarrachtaí a dhíriú ar na custaiméirí seo – chun feabhais táirgiúlachta agus éifeachtúlachta.

**Próisis ag athrú ó bhonn**
Féadann IS bealach oibre gnó a athrú trí phróisis a dhéanamh níos éifeachtaí. Is samplaí iad moltaí pearsantaithe a thairiscint do chustaiméirí, fógraíocht oiriúnaithe agus botaí comhrá den intleacht saorga á húsáid ag gnólachtaí chun a bpróisis a fheabhsú ionas go mbeidh siad níos éifeachtaí agus níos costéifeachtaí, agus chun baill foirne a shaoradh chun tascanna níos neamhstruchtúrtha agus nach féidir a thuar a dhéanamh. Is féidir le gnóthais uirlisí cumasaithe ag IS a úsáid freisin chun gnáth-thascanna a dhéanamh mar orduithe a phróiseáil, aisíocaíochtaí a eisiúint, nó sonraí custaiméirí a fhíorú. Má ligtear do IS aire a thabhairt do na tascanna is simplí, bíonn saoirse ag baill foirne a gcuid ama a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí a fheabhsóidh táirgiúlacht iomlán an ghnó. Trí IS a úsáid chun na tascanna simplí 'cúloifige' seo a uathoibriú tugtar toradh tapa ar na hinfheistíochtaí a dhéantar in IS.

**Táirgí á bhfeabhsú**
Is féidir IS a úsáid chun na táirgí a thairgeann gnólachtaí a fheabhsú. Is féidir IS a úsáid chun cinnteoireacht a fheabhsú trí leas a bhaint as an méid mór faisnéise a ghineann gach gnó ar bhealach níos éifeachtaí. Féadann sé léargas a thairiscint a chabhróidh le laghdú na n-earráid nó na gclaontachtaí daonna a d'fhéadfadh a bheith i láthair agus buiséid á gcruthú, costas á thuar, agus amlínte tionscadail á bpleanáil chun táirgí nua a fhorbairt.


Chomh maith le feabhsuithe i bhforbairt táirgí, is féidir le IS feabhsuithe a dhéanamh ar rialú cáilíochta táirgí. Is féidir IS a oiliúint chun gnéithe nó tréithe táirge atá tábhachtach a fhoghlaim agus rialacha a chruthú a shainíonn paraiméadair cháilíochta. Tá sé seo úsáideach go háirithe i gcás ina bhfuil cáilíocht táirge suibiachtúil, caolchúiseach nó gan a bheith socraithe de ghnáth. Féadann rialú cáilíochta IS-chumasaithe foghlaim ina dhiaidh sin cé as a dtiocfadh na rioscaí do rialú cáilíochta ar bhealach níos leithne agus réitigh a sholáthar. Ciallaíonn sé seo gur féidir le IS rialú cáilíochta a dhéanamh níos tapa, níos saoire agus níos cruinne.

Tá Éire chun cinn i measc tíortha an AE i dtéarmaí ghlacadh IS fiontraíochta, ag taifeadadh an sciar is airde d'fhiontair ag úsáid ceann de cheithre phríomhfheidhmchlár IS in 2020.[36] An bhliain chéanna, léirigh suirbhé fiontar de chuid an Choimisiúin Eorpaigh gur ghlac 35% de ghnólachtaí na hÉireann teicneolaíocht IS amháin ar a laghad.[37] Mar sin féin, níor ghlac níos mó ná leath de na gnóthais a ndearnadh suirbhé orthu (52%) le IS, ná níl sé beartaithe acu é a dhéanamh. Tá sé seo ag teacht le torthaí suirbhéanna níos luaithe ar cheannairí fiontar na hÉireann in 2019, a léirigh easpa saineolais, dúile agus soiléireachta maidir le conas IS agus réitigh theicneolaíocha ghaolmhara a thabhairt isteach.[38]

Ó thaobh forbairt acmhainneachta IS de, tá bonn fiontar na hÉireann faoi cheithre phríomhchatagóir:

1. Líon beag cuideachtaí IS ceannródaíocha
2. Líon beag fiontar 'dúchasach' IS nó cliaint seanbhunaithe a chuir tús le tairiscintí dúchasacha IS
3. Líon beag fiontar atá ag fás agus ag forbairt agus / nó ag comhtháthú IS ina ngnó.
4. Tromlach na bhfiontar nach bhfuil fós ag gabháil d'fhorbairt acmhainneachta IS.


## Fíor 3.1: Acmhainn AI Gnó - Ceithre Phríomhchineál




Chun tairbhí eacnamaíocha IS a bhaint amach go hiomlán, ní mór do ghnóthais a bheith ar an eolas faoi na deiseanna atá i gceist le IS, agus a bheith oscailte do theicneolaíochtaí IS a ghlacadh chun a dtáirgiúlacht agus a n-iomaíochas a mhéadú. I gcás go leor gnólachtaí, is cinneadh mór é an cinneadh IS a leabú ina bpróisis a mbíonn infheistíocht ama, acmhainní agus muiníne riachtanach leis. Tá go leor tosca ann maidir le teicneolaíocht, samhail ghnó, tairiscint luacha, daoine agus scileanna, forbairt teicneolaíochta, maoiniú agus tionchar athraithe nach mór d'fhiontair a mheas chun glacadh rathúil IS a phleanáil agus a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, sula dtugann siad tiomantas do chlaochlú IS, ní mór do ghnólachtaí tabhairt faoi thuras forbartha IS a thugann aghaidh ar a gcuid riachtanas, ón gcéim feasachta tosaigh go dtí an cur i bhfeidhm sa deireadh. Cuirfidh an Stát córais tacaíochta láidre oiriúnacha i bhfeidhm chun cabhrú le gnóthais dul ar aghaidh tríd an dréimire forbartha IS.

36. https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-eurostat-news/-/ddn-20210413-1
37. An Coimisiún Eorpach, suirbhé fiontar Eorpach ar úsáid teicneolaíochtaí bunaithe ar intleacht shaorga, staidéar a d'ullmhaigh Ipsos agus iCite do Líonraí Cumarsáide DG, Ábhar & Teicneolaíocht, 2020.
38. Féach https://www.pwc.ie/issues/artificial-intelligence-six-priorities.html; https://www.nsai.ie/about/news/four-in-ten-irish-companies-currently-use-artificial-intelligence-ai/

## Fíor 3.2: Dréimire Forbartha AI




## 3.3 Glacadh IS ag Fiontair Éireannacha

Tá a gceanncheathrú Eorpach in Éirinn ag go leor cuideachtaí TFC domhanda a bhfuil láidreachtaí suntasacha IS acu, agus tá an-acmhainneacht ann freisin foghlaim ó FBManna a chríochnaigh an turas IS. Feiceann an Rialtas deis chun leas a bhaint as an saineolas agus an taithí seo trí dul i gcomhpháirtíocht le Tionscal chun glacadh IS a chur chun cinn ar fud an bhoinn fiontar. Bunóimid **Bord Comhairleach Fiontar Digiteach**, le ballraíocht as an Tionscal, chun oibriú leis an Rialtas agus comhairle a thabhairt dó i mbaint amach an mhórathraithe i nglacadh IS ag fiontar Éireannach mar chuspóir.

Beidh príomhról ag Fiontraíocht Éireann agus IDA Éireann. Tá na gníomhaireachtaí seo ag tacú le fiontair cheana féin agus iad ag obair le IS, trí Mhaoiniú T&N agus cúnamh, agus trí thionscnaimh spriocdhírithe mar chlár "Faire na Cruinne" de chuid na gníomhaireachta Spáis Eorpaí a sholáthraíonn tacair sonraí luachmhara le haghaidh IS agus do thionscadail anailíse sonraí. Is colún straitéiseach é an claochlú fiontar (a mbeidh IS ina luamhán suntasach dó) don dá ghníomhaireacht ina straitéisí féin a seoladh ag tús 2021.

Ag obair lena ghníomhaireachtaí forbartha fiontar agus leis na hOifigí Fiontair Áitiúla, agus le comhairle ón mBord Comhairleach Fiontar Digiteach, úsáidfidh an Rialtas an creat dréimire forbartha IS atá leagtha amach i bhfíor 3.2 thuas chun cur chuige céimnithe a ghlacadh i leith glacadh IS - ó ardú feasachta trí dheiseanna chun nascadh le IS, IS a iniúchadh agus thriail, go dtí cúnamh le cur i bhfeidhm - ar féidir a rolladh amach chuig fiontair, le fócas ar FBManna agus ar ghnóthais bheaga ar fud na tíre.

## Deiseanna do Ghnólachtaí Réitigh is a Thástáil




Mar aitheantas ar na dúshláin nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun cabhrú le FBManna IS agus digitiú a ghlacadh, tá an Coimisiún Eorpach, i dteannta leis na Ballstáit, ag bunú líonra de Mhoil Nuálaíochta Digiteacha Eorpacha (MNDEnna) chun ról lárnach a imirt i nglacadh forleathan IS, Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta (HPC) agus Cibearshlándáil chomh maith le teicneolaíochtaí digiteacha eile de réir tionscail (go háirithe FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe), chomh maith leis an earnáil phoiblí, a spreagadh.

Tá an Rialtas tiomanta do roinnt Mol Eorpach um Nuálaíocht Dhigiteach (MNDEnna) a bhunú in Éirinn faoin tionscnamh seo, agus seoladh próiseas iomaíoch chun iarrthóirí a aithint le haghaidh sonraithe náisiúnta MNDE.

Feidhmeoidh na MNDEnna mar "shiopaí ilfhreastail" chun seirbhísí uasoiliúna, nuálaíochta agus comhairleacha a sholáthar (lena n-áirítear i réimse na gcaighdeán, cosaint sonraí, eitice agus comhlíonta rialála) d'fhiontair agus d'údaráis phoiblí i réimsí atá ailínithe le IS, chomh maith le rochtain a thairiscint le saineolas teicniúil, áiseanna taighde agus turgnamh. Feidhmeoidh na Moil mar ghorlanna le haghaidh FBManna, ag soláthar rochtana ar bhonneagar, teicneolaíochtaí agus réimsí tástála. Ag croílár gach EDIH beidh Eagraíocht Taighde agus Teicneolaíochta nó saotharlann Institiúid Ardoideachais.

Cé go soláthróidh gach ceann de na MNDEnna náisiúnta acmhainní luachmhara do FBManna ar an dréimire glactha IS, ainmneofar duine de na hiarrthóirí rathúla go sonrach mar **Mhol Náisiúnta Nuálaíochta Digiteach IS**. Glacfaidh an Mol seo ról an Chéad Stad Náisiúnta le haghaidh IS, ag gníomhú mar phointe teagmhála do ghnólachtaí agus iad ag dul i ngleic le glacadh IS agus an t-éiceachóras nuálaíochta IS.



**Rochtain ar Taispeántóirí Teicneolaíochta IS agus Taighde Feidhmeach**

Teastaíonn acmhainní ríomhaireachta ardfheidhmíochta, nascacht agus bonneagair a éascaíonn úsáid agus rochtain ar shonraí iontaofa ardchaighdeáin chun go mbeidh bonneagar digiteach ann a fhreastalaíonn ar shaoránaigh, FBManna, an earnáil phoiblí agus cuideachtaí móra ríomhaireacht. Beidh cur chuige láidir i leith na cibearshlándála ríthábhachtach chun muinín in IS a uasmhéadú, go háirithe sa chás go n-úsáidtear é i soláthar seirbhísí riachtanacha mar chúram sláinte agus iompar. Is réamhriachtanais iad rialachas láidir sonraí agus creataí príobháideachta freisin. Féadann cur i bhfeidhm comhsheasmhach prionsabal cosanta sonraí an AE agus Chomhairle na hEorpa a cur le rath na bhfeidhmchlár IS, trí mhuinín a ghiniúint agus rioscaí a chosc. Ar deireadh, teastaíonn rochtain ar líonraí teileachumarsáide ardluais atá slán, agus a fheidhmíonn go maith, chomh maith le cumhacht ríomhaireachta agus cumais stórála leordhóthanacha d’fhorbairt agus úsáid IS.

Tá roinnt buanna ag Éirinn cheana féin sa réimse seo, lena n-áirítear go bhfuil dea-theist go láidir uirthi i sonraí oscailte, tiomantas do dhianchaighdeáin um chosaint sonraí, agus infheistíocht láidir le blianta beaga anuas i mbonneagar teicneolaíochta agus nascach. Tógfaidh an Rialtas ar na buanna seo chun bonneagar den scoth a chruthú in Éirinn le húsáid shábháilte iontaofa sonraí le haghaidh IS a chur chun cinn agus chun a ról mar shuíomh iontaofa le haghaidh IS agus do rialachas sonraí a dhaingniú.

## 7.2 Bonneagar Sonraí Iontaofa agus Rialachas le haghaigh IS

Tá córais IS-bhunaithe ag brath go mór ar shonraí, agus mar sin tá bonneagar sonraí tacúil iontaofa thar a bheith tábhachtach chun lánacmhainneacht eacnamaíoch agus shochaíoch IS a dhíghlasáil. Ní mór go mbeadh tacair sonraí daingne, ardchaighdeáin agus láidre ar fáil agus inrochtana ionas go bhforbrófar feidhmchlár IS go rathúil ar fud earnálacha. Tá nuálaíocht thairbhiúil IS ag brath chomh maith ar rialachas láidir sonraí, a chinntíonn príobháideacht, cothromas, trédhearcacht agus uilechuimsitheacht. Is *tionscnamh tábhachtach é an togra le haghaidh* Acht um Rialachas Sonraí AE.[80]


Mar náisiún digiteach ceannródaíoch, bhí Éire réamhghníomhach i rialáil an gheilleagair sonraí agus i gcur chun cinn cosaint sonraí. Anois tá an deis ann feidhmiú mar cheannaire ar rialachas eiticiúil agus iontaofa sonraí le haghaidh IS, ag baint leasa as an gcáil atá orainn i gcosaint sonraí agus ár seasamh mar mhol sonraí idirnáisiúnta chun ceannródaíocht a dhéanamh ar mhúnlaí nua d'úsáid agus rochtain fhreagrach sonraí le haghaidh IS agus an bonn a dhaingniú faoi chomhroinnt eiticiúil sonraí.

Is iad na trí phríomhriachtanas a bhaineann le rialachas láidir sonraí le haghaidh IS:[81]

- cáilíocht agus sláine na sonraí a úsáidtear;
- a phrótacail rochtana agus an cumas sonraí a phróiseáil ar bhealach a chosnaíonn príobháideacht
- a ábharthacht i bhfianaise an fhearainn ina n-úsáidfear na córais IS-bhunaithe.

Tá cómhaoiniú á dhéanamh ag FEÉ ar fhorbairt cláir comhairligh ar rialachas sonraí ar a dtugtar EMPOWER, leis an tionscal agus leis an saol acadúil. Cruthóidh EMPOWER creat le haghaidh rialachais freagraigh sonraí ar fud earnálacha lasmuigh den seirbhís phoiblí agus forbróidh sé uirlisí agus modheolaíochtaí chun cabhrú le gnóthais an creat sin a chur i bhfeidhm.

### EMPOWER - eilimintí do chreat rialachais sonraí iontaofa




80. An Coimisiún Eorpach, Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialachas sonraí Eorpach (An tAcht um Rialachas Sonraí), COM/2020/767 deiridh. Ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52020PC0767&qid=1606661852552
81. Na Treoirlínte Eitice maidir le hIntleacht Shaorga Iontaofa, arna bhforbairt ag an AE IS HLEG

Tá Bord nua um Rialachas Sonraí á bhunú tríd an Acht um Chomhroinnt Sonraí agus Rialachas (2019), chun maoirseacht a sholáthar ar chomhroinnt agus rialachas sonraí laistigh den tseirbhís phoiblí. D'fhéadfadh an Bord Rialachais Sonraí roghnú EMPOWER a choimisiúnú chun comhairle a thabhairt ar ábhair a bhaineann le húsáid sonraí agus comhroinnt sonraí laistigh den tseirbhís phoiblí, mar shampla iad sin a bhaineann le húsáid eiticiúil sonraí in IS; agus ar ábhair bhainteacha amhail an tAcht um Rialachas Sonraí atá le teacht a thrasuí.

## COSAINT SONRAÍ, EITIC AGUS PRÍOBHÁIDEACHT I GCOMHTHÉACS IS

Tá IS ag dul chun cinn mar phríomhtheicneolaíocht i gcórais uathoibrithe tacaíochta cinntí bunaithe ar shonraí pearsanta, a bhféadfadh iarmhairtí suntasacha a bheith acu ar chearta bunúsacha daoine aonair. Féadann cosaint láidir sonraí cur le muinín an phobail in IS agus treisiú leis an nuálaíocht, agus rioscaí do phríobháideacht agus cearta eile a chosc, agus bonn faoi chomhroinnt sonraí eiticiúil agus freagrach a chinntiú.

Is creat riosca-bhunaithe é *Rialachán Ginearálta an AE um Chosaint Sonraí* (RGSC), a sholáthraíonn tacar cuimsitheach rialacha agus prionsabal um chosaint sonraí (Airteagal 5) atá ábhartha agus infheidhmithe i gcomhthéacs córas IS-bhunaithe. Bunaíonn sé freisin ceart cúitimh cinntí algartamacha, ag tabhairt an ceart do dhaoine aonair athbhreithniú daonna a fháil ar chinneadh a rinne córas uathoibrithe bunaithe ar IS.[82]

Tá roinnt cearta agus forálacha an RGSC ábhartha go háirithe maidir le próifíliú agus cinnteoireacht bunaithe ar IS (Aithris 71; Airteagail 5, 12-15, 22, 25 agus 35). Mar sin féin, is féidir le teorainneacha teicniúla agus tréithe reatha samhlacha IS, lena n-áirítear teimhneacht roinnt córas IS, deacrachtaí a chruthú i gcur i bhfeidhm praiticiúil na bhforálacha ábhartha RGSC agus na gcearta ábhartha don duine is ábhar do na sonraí.

Dhá choincheap ríthábhachtach atá cumhdaithe sa dlí faoin RGSC (Airteagal 25), ar cheart dóibh bheith ina gcuid dhílis de phleanáil agus de chur i bhfeidhm aon tionscadail IS, is ea cosaint sonraí trí dhearadh agus cosaint sonraí mar réamhshocrú. Ciallaíonn cosaint sonraí trí dhearadh príobháideacht sonraí a leabú go díreach i ndearadh tionscadal ag céim luath. Ciallaíonn cosaint sonraí mar réamhshocrú go gcaithfidh socruithe seirbhíse úsáideora cosaint sonraí a urramú go huathoibríoch, agus nár cheart ach sonraí atá riachtanach chun gach sainchuspóra den phróiseáil a bhailiú.

Aithníodh i meastóireacht ar an RGSC ag an AE in 2020 gur uirlis sholúbtha, neodrach ó thaobh teicneolaíochta de a sheasfaidh an aimsir atá ann. Admhaíodh ann, áfach, go bhfuil dúshláin romhainn maidir le soiléiriú a dhéanamh ar conas na prionsabail a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm ar theicneolaíochtaí ar leith mar IS.[83] Ba cheart eitic sonraí a chur san áireamh freisin in aon bhreithniú ar oibleagáidí RGSC, go háirithe i gcásanna casta ina bhféadfadh IS agus cinntí uathoibrithe (a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar shonraí íogaire nó infeirithe) tionchar suntasach a imirt ar shaol daoine. Beidh glacadh le teicneolaíochtaí nua IS-bhunaithe laistigh den earnáil phoiblí faoi réir measúnaithe riosca faoin RGSC.[84]

Tá Éire tiomanta do dhianchaighdeáin chosanta sonraí a chomhlíonadh le haghaidh IS, agus comhoibreoidh sí le comhpháirtithe idirnáisiúnta ar an gclár oibre seo, ag tarraingt ar shaineolas agus mholtaí na nGrúpaí Oibre um IS Freagrach agus Rialachas Sonraí sa Chomhpháirtíocht Dhomhanda ar IS a bunaíodh le déanaí.



82. Airteagal 29 Treoirlínte Mheitheal um Chosaint Sonraí an AE maidir le cinnteoireacht agus Próifíliú Uathoibrithe aonair chun críocha Rialachán 2016/679, arna ghlacadh 3 Deireadh Fómhair 2017. Féach freisin Parlaimint na hEorpa, Aonad Forbhreathnaithe Eolaíochta (2020), Staidéar ar 'Tionchar an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí ar intleacht shaorga, https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2020/641530/EPRS_STU(2020)641530_EN.pdf
83. An Coimisiún Eorpach, Teachtaireacht ar Chosaint Sonraí mar philéar de chumasú saoránach agus cur chuige an AE i leith an aistrithe dhigitigh - dhá bhliain de chur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí ', COM (2020) 264 deiridh.
84. RGSC, Airteagal 35.

## RIALACHAS SONRAÍ LE HAGHAIDH IS – AN DEIS GHNÓ

Tá Éiceachóras rathúil seirbhísí áitiúla tagtha chun cinn cheana féin maidir le cosaint sonraí agus forbairt teicneolaíochtaí oiriúnacha a fheabhsaíonn príobháideacht. Tá gnólachtaí nuathionscanta agus seach-chuideachtaí na hÉireann, mar DataChemist agus Truata, ag cur eolais úrnua i bhfeidhm chun ardáin bhainistíochta sonraí agus rialachais a fhorbairt. Ag tógáil ar an rath seo, tá acmhainneacht láidir ann d'eascairt gnólachtaí nuathionscanta den chineál céanna i réimse an rialachais sonraí le haghaidh IS iontaofa as comhoibriú tionscail-acadúil in Éirinn. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh seirbhísí gairmiúla nua ag teastáil chun cabhrú le cuideachtaí:

- Measúnuithe cosanta sonraí agus tionchair eiticiúla a dhéanamh le haghaidh IS
- Tástáil a dhéanamh le haghaidh claontachta míchuí nó saincheisteanna cáilíochta i dtacair sonraí le húsáid chun IS a oiliúint
- An luach a d'fhéadfadh a bheith ann a thuiscint, chomh maith leis na rioscaí gnó a bhaineann le tacar sonraí ar leith a ghlacadh
- Próisis trédhearcacha rialachais sonraí a fhorbairt ar fud slabhraí casta sonraí/luacha

### AROCHTAIN AR SHONRAÍ ARDCHÁILÍOCHTA LE HAGHAIDH IS

Tá córais IS-bhunaithe ag brath go hiomlán ar shonraí, agus tá easpa rochtana ar shonraí ardchaighdeáin agus ar thacair sonraí ina constaic fhéideartha ar ghlacadh fiontar IS, go háirithe do FBManna.

Tá Insight, Ionad Taighde FEÉ um Anailísíocht Sonraí, ceann de na heagraíochtaí taighde anailíse sonraí is mó san Eoraip, bunaithe ag Éirinn. Tugann Insight faoi thaighde ardtionchair, ag iarraidh luach a bhaint as Olltiomsú Sonraí agus réitigh teicneolaíochta nuálacha a sholáthar don tionscal agus don tsochaí.

Nuair is féidir, cuirfidh an Rialtas níos mó sonraí ón earnáil phoiblí ar fáil go hoscailte, go sábháilte agus go slán le haghaidh taighde agus nuálaíochta IS agus éascóidh sé forbairt timpeallachtaí iontaofa agus rochtain ar shonraí agus ar chomhoibriú d'eagraíochtaí éagsúla.

## Cás-staidéar: 'Tír-raon-IS': Ardán Sonraí le haghaidh Úsáid Inbhuanaithe Talún

Is é cuspóir an taighde seo, arna chómhaoiniú ag Microsoft faoi Chlár Comhpháirtíochta Straitéisí FEÉ, ardán sonraí digiteacha a fhorbairt a bheidh in ann méideanna móra sonraí breathnóireachta Cruinne a chomhtháthú, a anailísiú agus a léirshamhlú, lena n-áirítear ó shatailítí, dróin agus tomhais ar an láthair. Méadóidh an t-ardán tuiscint ar an gcaoi ar féidir le cleachtais bhainistíochta talún tionchar a imirt ar astaíochtaí carbóin a eascraíonn ón tírdhreach, agus ar an gcaoi sin bainistíocht talún níos inbhuanaithe a chumasú laistigh de shrianta comhshaoil agus rialála.

### ROCHTAIN AR SHONRAÍ RIALTAIS OSCAILTE LE HAGHAIDH IS

Faoi láthair tá Éire ar cheann de phríomhfhorbróirí Sonraí Rialtais Oscailte (i.e., tacar sonraí riaracháin a chur ar fáil le hathúsáid agus le hathdháileadh gan srian ag aon duine). Tá clár rathúil Sonraí Oscailte aici (data.gov.ie) agus tá sí rangaithe sa chéad áit san Eoraip le trí bliana as a chéile (2017, 2018 agus 2019). Ghnóthaigh Éire an ceathrú háit freisin i *dTuarascáil Aibíochta Tairseach Sonraí Oscailte an AE in 2020*[85] agus cuireadh sa tríú háit í san OECD maidir le Sonraí Rialtais Oscailte in 2019.[86]

Leagann *Straitéis Náisiúnta Sonraí Oscailte na hÉireann 2017-2022* dhá chroíchuspóir amach:

- a chinntiú go bhfoilseofar sonraí Rialtais ardluacha i bhformáid oscailte, ionas go mbeidh siad ar fáil go poiblí agus in-athúsáidte gan srian; agus
- dul i dteagmháil le pobal leathan páirtithe leasmhara chun na buntáistí sóisialta agus eacnamaíocha a chur chun cinn.

Éascófar tuilleadh dul chun cinn i sonraí oscailte le *Treoir nua Sonraí Oscailte agus AthÚsáid Faisnéise na hEarnála Poiblí (PSI) an AE*, atá le trasuí i ndlí na hÉireann

85. https://www.europeandataportal.eu/sites/default/files/edp_landscaping_insight_report_n6_2020.pdf
86. OECD, 'Ár nInnéacs Sonraí: 2019', lch.22, http://www.oecd.org/gov/digital-government/ourdata-index-policy-paper-2020.pdf

faoi Iúil 2021. Foráiltear leis an Treoir go bhfoilseoidh comhlachtaí poiblí 'Tacair Sonraí Ardluacha', [87] a shainmhínítear mar thacair sonraí a bhfuil sé d'acmhainn acu buntáistí socheacnamaíocha nó comhshaoil agus seirbhísí nuálacha a ghiniúint.

Is acmhainn luachmhar IS iad sonraí oscailte d'acadóirí, taighdeoirí agus fiontair. Is féidir leis an Rialtas ról lárnach a bheith aige maidir le nuálaíocht IS a spreagadh trína chinntiú go mbeidh an bonneagar sonraí oscailte go maith in oiriúint do IS agus deartha le haghaidh sonraí glana, códaithe, fíor-ama. Le cuidiú le méadú comhthuisceana ar leagan amach agus ar thréithe tacar sonraí a theastaíonn le haghaidh IS, cuirfidh an Rialtas Dúshlánchiste Sonraí Oscailte le haghaidh IS ar bun.

## COMHROINNT SONRAÍ

Ag tarraingt ar thaithí idirnáisiúnta, cuirfidh Éire obair chun cinn freisin chun sásraí a iniúchadh maidir le comhroinnt sonraí freagrach agus maoirseacht laistigh den earnáil ghnó agus tráchtála, amhail trustaí sonraí, comharchumainn sonraí agus conarthaí sonraí, d'fhonn ligean do shonraí sreabhadh thar earnálacha ar aon dul le rialacha soiléire, praiticiúla agus cothroma maidir le rochtain. Múnla amháin a d'fhéadfadh a bheith ann chun rochtain ar shonraí le haghaidh IS a mhéadú is ea 'trustaí sonraí'. Is struchtúir dhlíthiúla iad seo a sholáthraíonn do mhaoirseacht neamhspleách tríú páirtí ar shonraí agus atá deartha chun comhroinnt sonraí a cheadú ar bhealach cóir, sábháilte agus cothrom. De réir mar a fhorbraítear creataí maidir le comhroinnt sonraí, tá sé tábhachtach cur chuige cothrom a chinntiú a chuireann leasanna iomaíocha san áireamh. D'fhéadfadh go mbeadh cineálacha cur chuige nua ceadúnaithe, cosaintí príobháideachta, cúinsí slándála, ardáin teicneolaíochta, caighdeáin agus uirlisí ag teastáil uaidh seo, chomh maith le beartais maoine intleachtúla.

## SPÁSANNA SONRAÍ EORPACHA

Féachann an Coimisiún Eorpach ar fhorbairt spásanna sonraí comónta Eorpacha mar phríomhbheart chun rochtain ar shonraí a éascú agus chun comhroinnt sonraí a threisiú, lena n-áirítear IS.[88] Molann sé spásanna sonraí Eorpacha coitianta a bhaineann go sonrach le fearann a bhunú i réimsí na déantúsaíochta tionsclaíche, an Comhaontú Glas, soghluaisteacht, sláinte, airgeadas, fuinneamh, talmhaíocht, riarachán poiblí, agus scileanna. Meastar go mbeidh stóir mhóra sonraí ar fáil sna fearainn ábhartha mar thoradh ar na spásanna sonraí seo, in éineacht leis na huirlisí teicniúla agus na bonneagair is gá chun sonraí a úsáid agus a mhalartú, chomh maith le sásraí rialachais iomchuí. D'fhoilsigh an AE treoirphrionsabail maidir le comhroinnt sonraí san earnáil phríobháideach agus sheol sé roinnt gníomhartha T&N sa réimse seo. Táthar ag súil le tograí níos tiomnaithe AE maidir le spásanna sonraí in 2021.[89]

## SONRAÍ MAIDIR LE IS SAN EARNÁIL PHOIBLÍ

Is féidir le sonraí na hearnála poiblí cuidiú le léargas a ghiniúint ar bheartas poiblí agus ar thaighde, rud a chuirfidh ar chumas an Rialtais tuiscint níos fearr a fháil ar thionchar a idirghabhálacha beartais i gcúinsí atá ag athrú go tapa. Tá comhroinnt freagrach sonraí ar fud an Rialtais ar cheann de na príomháisitheoirí seirbhísí poiblí nua-aimseartha, ag éascú soláthar seirbhíse éifeachtúil agus costéifeachtach. I measc na mbuntáistí a bhaineann leis tá nascadh sonraí, nuair is féidir léargas nach raibh ar fáil roimhe seo a bhaint as dhá thacar taifead, chomh maith le hidirghabhálacha níos oiriúnaithe, leithdháileadh níos fearr ar acmhainní poiblí, agus monatóireacht ar thorthaí seirbhíse.

Mar sin féin, is minic a bhíonn sonraí poiblí bailithe ag údaráis éagsúla agus, i go leor cásanna, bíonn siad ilroinnte, teoranta agus níl siad inrochtana go héasca. Leagann *Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019-2023* amach treochlár chuig éiceachóras sonraí san earnáil phoiblí, rialachas gaolmhar san áireamh, chun bainistíocht sonraí a bharrfheabhsú thar theorainneacha Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí. Pléann an straitéis an gá atá le príobháideacht agus slándáil sonraí, rialachas agus rialú éifeachtach sonraí, agus trédhearcacht.

Tá reachtaíocht chumasúcháin - an tAcht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí (2019) - á cur i bhfeidhm faoi láthair, a ligfidh do chomhlachtaí poiblí sonraí pearsanta a roinnt chun críocha áirithe agus cosaintí iomchuí a leagan amach faoina gcaithfear an chomhroinnt sin a dhéanamh. Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag cur bailchríoch ar an bpróiseas chun Bord Rialachais Sonraí a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar shocruithe comhroinnte sonraí faoin Acht. Bunaíodh catalóg sonraí ag tús 2021 agus eiseofar caighdeáin agus treoirlínte maidir le comhroinnt sonraí ag comhlachtaí san earnáil phoiblí le linn 2021.

Cuideoidh cur i bhfeidhm iomlán na reachtaíochta earnála ábhartha (e.g. Treoir INSPIRE maidir le sonraí spásúla) leis na sonraí fearannsonracha a sholáthar a theastaíonn chun tacú le feidhmchláir IS don earnáil phoiblí.

---

87. a bheidh leagtha amach in Achtanna Feidhmithe arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún
88. An Coimisiún Eorpach (2020), 'Straitéis Eorpach le haghaidh sonraí' (2020); Teachtaireacht, "I dtreo spás coiteann sonraí Eorpach", COM/2018/232 deiridh.
89. An Coimisiún Eorpach (2020), Treoir maidir le comhroinnt sonraí san earnáil phríobháideach, ar fáil ag https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/guidance-private-sector-data-sharing



## 7.3 Bonneagar Digiteach agus Nascachta le haghaidh IS

Teastaíonn bonneagar digiteach agus teicneolaíochta fónta inbhuanaithe ó thaobh IS a fhorbairt agus a úsáid i dtéarmaí rochtana ar chumhacht ríomhaireachta, nascacht dhigiteach agus acmhainn líonra. Is tosaíochtaí fadtéarmacha Rialtais iad go leor de na príomh-bhonneagair theicneolaíocha agus na polasaithe poiblí atá ina réamhriachtanais thábhachtacha chun IS a shaothrú go rathúil, mar leathanbhanda agus 5G, Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta (HPC), agus Cibearshlándáil, a ndearnadh dul chun cinn suntasach leo le blianta beaga anuas.[90] Mar shampla, osclaíodh Ionad Tástála Náisiúnta 5G, RadioSpace, in Ollscoil Mhaigh Nuad in 2019. Is é seo an chéad áis ar mhórscála sa tír chun taighde agus tástáil a dhéanamh ar theicneolaíochtaí raidió agus gan sreang a theastaíonn le haghaidh 5G agus Idirlíon Rudaí amach anseo.

Beidh níos mó cumhachta ríomhaireachta ag teastáil ó réitigh bunaithe ar IS den chéad ghlúin eile agus beidh orthu a bheith níos costéifeachtaí agus níos tíosaí ar fhuinneamh chun freastal ar riachtanais samhlacha oiliúna atá ag éirí níos sofaisticiúla. Beidh an ríomh ag druidim níos mó agus níos mó leis 'an imeall', ar fheistí atá níos gaire d'úsáideoirí feidhmchlár IS fíor-ama. Ina theannta sin, tá idirnascadh daingean an bhonneagair sonraí le bonneagar HPC ríthábhachtach d'fhorbairt agus imlonnú rathúil na gcóras IS agus tá an Coimisiún Eorpach ag glacadh céimeanna tábhachtacha chun an chéad ghlúin eile de bhonneagair phróiseála sonraí a chumasú.

Cinnteofar rochtain ar chumhacht ríomhaireachta leordhóthanach le haghaidh IS in Éirinn trí leas a bhaint as acmhainní náisiúnta agus idirnáisiúnta. Chun na hardáin sonraí náisiúnta agus ardáin HPC a fhorbairt agus a neartú, ba cheart tionscnaimh pan-Eorpacha mar *EuroHPC* a threisiú ós rud é go dtugann siad méadú ar infheistíochtaí náisiúnta le maoiniú comhoiriúnaithe AE, chomh maith le ligean d'Éirinn bheith istigh ar an saineolas Eorpach in IS agus cur leis. Cruthaíonn forbairt ardán sonraí náisiúnta agus HPC deiseanna an-luachmhara do chomhpháirtíochtaí straitéiseacha ar leibhéal náisiúnta chun ionaid barr feabhais teicneolaíochta IS agus HPC a bhunú le comhpháirtithe fiontar agus taighde.

Glacann Éire páirt in *EuroHPC* faoi láthair, agus tá sí tiomanta do Chlár na hEorpa Digití, trínar mhol an Coimisiún Eorpach maoiniú iomchuí do HPC agus do ríomhaireacht chandamach, chomh maith le himeall-ríomhaireacht. Bhunaigh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta Grúpa Comhairleach ar Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta chun tuairimí a mhalartú agus comhairle a thabhairt ar an mbealach is fearr chun áit ar leith a bhaint amach d'Éirinn agus deiseanna a thapú i réimsí ábhartha HPC (IS san áireamh).

Áisitheoir eile le haghaidh IS is ea bonneagar néal-bhunaithe a sholáthraíonn acmhainní ríomhaireachta fíorúlaithe agus stóráil sonraí (mar shampla freastalaithe, bogearraí, bunachair sonraí, anailísíocht sonraí) ar féidir rochtain a fháil orthu go cianda. Ar leibhéal an AE, táthar ag díriú ar néalseirbhísí uile-Eorpacha a fhorbairt, le seoladh GAIA-X (tionscnamh Néalbhonneagair na hEorpa) i Meitheamh 2020, chomh maith le *Comhdhearbhú na mBallstát maidir le néal na chéad ghlúine eile a thógáil do ghnólachtaí agus don earnáil phoiblí san AE* i mí Dheireadh Fómhair 2020.[91] atá sínithe ag Éirinn, agus Comhghuaillíocht Eorpach um Shonraí Tionscail agus Néil a bunaíodh i mí na Nollag 2020.

## 7.4 IS agus Cibearshlándáil

Ba cheart go mbeadh córais IS-bhunaithe sábháilte (ag feidhmiú mar a bhí beartaithe) agus slán (frithsheasmhach in aghaidh cur isteach ó pháirtithe neamhúdaraithe). Beidh cur chuige láidir i leith slándála don bhonneagar digiteach ríthábhachtach chun muinín in IS a uasmhéadú, go háirithe sa chás go n-úsáidtear é i soláthar seirbhísí riachtanacha mar chúram sláinte agus iompar.

I measc na ndúshlán a bhaineann le IS ina leith seo tá nochtadh níos mó d'ionsaithe cibearshlándála, agus baol IS naimhdeach agus ionramháil IS chun críocha coiriúla nó sceimhlitheoireachta. Is dóigh go dtiocfaidh méadú ar ghníomhaíochtaí aindleathacha a bhaineann le IS de réir mar a scaipeann an teicneolaíocht. Tá an tIonad Náisiúnta um Anailís Slándála ag smaoineamh ar bhagairtí a d'fhéadfadh teacht le teicneolaíochtaí IS do shlándáil an Stáit mar chuid dá obair leanúnach ar fhorbairt Straitéise Náisiúnta Slándála nua.

Tá sraith beart éabhlóideach glactha ag an Rialtas chun rioscaí cibearshlándála a mhaolú agus an creat beartais sa réimse seo a fhorbairt, ag cothú tionscnamh nuálaíochta, méadú acmhainne, ardú feasachta agus T&N ábhartha. Tugann Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála na hÉireann, a foilsíodh i mí na Nollag 2019, breac-chuntas ar an gcaoi a leanfaidh an Rialtas air ag cosaint slándáil líonraí ríomhairí na tíre agus an bhonneagair ghaolmhair. Tá an Straitéis bunaithe ar thrí

90. In November 2019, Government signed a contract to implement a public investment in future-proof broadband networks in rural Ireland, with an indicative budget of €2.6 billion.

91. Fáiltíonn an Coimisiún roimh dhearbhú na mBallstát maidir le cónaidhm scamall an AE | Todhchaí digiteach na hEorpa a mhúnlú

ardán le haghaidh gníomhaíochta:

- **'Cosain'** - sraith beart atá deartha chun slándáil na gcóras TF sa Stát a fheabhsú níos mó, lena n-áirítear cosaint bonneagair chriticiúil;
- **'Forbair'** - bearta chun acmhainneacht agus fostaíocht a fhorbairt sa Chibearshlándáil sa Stát, agus
- **'Téigh i dTeagmháil'** - bearta chun feabhas a chur ar an gcaoi a dtéann an Stát i dteagmháil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta le cúrsaí cibearshlándála, lena n-áirítear i dtéarmaí taidhleoireachta agus forfheidhmithe dlí.

Faoin Straitéis seo, bunaíodh an **tIonad Náisiúnta Cibearshlándála** (NCSC) go foirmiúil laistigh den Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Tá trí phríomhról ag an NCSC:

- **Freagra Náisiúnta ar Theagmhais** - ciallaíonn sé seo próiseas straitéiseach freagartha eachtraí a threorú, lena n-áirítear comhordú ar fud an Rialtais agus go hidirnáisiúnta.
- **Comhroinnt Faisnéise** - feidhmíonn an NCSC mar fhoinse sainchomhairle agus treorach, agus mar 'theach imréitigh' le haghaidh faisnéise ábhartha (lena n-áirítear cibearfhaisnéis agus faisnéis faoi bhagairtí) agus déanann sé cinnte go bhfaigheann daoine a dteastaíonn na sonraí sin uathu iad.
- **Athléimneacht a Thógáil** - ag soláthar treorach, tacaíochta agus idirghabhálacha ar fud an Rialtais agus na hearnála príobháidí.

Mar a léirigh ionsaí bogearra fuascailte 2021 ar FSS, ní féidir a bheith bogásach maidir le Cibearshlándáil, agus tiocfaidh forbairt an NCSC chun cinn go leanúnach, léiriú ar a shainordú tábhachtach.

Is féidir le teicneolaíochtaí IS páirt a ghlacadh i gcibearshlándáil eagraíochtaí a neartú. Is féidir IS a úsáid mar uirlis chun gnéithe den chibearshlándáil a uathoibriú nó cur leo, mar shampla, trí úsáid a bhaint as ballaí dóiteáin gníomhacha nó trí chosaint cliste frithvíreas. Is féidir teicneolaíochtaí IS a úsáid freisin chun iarrachtaí lucht forfheidhmithe dlí agus údarás poiblí eile a éascú chun freagairt níos fearr a thabhairt ar chibearchoireacht, lena n-áirítear an anailís ar fhás easpónantúil Olltiomsaithe Sonraí i gcomhthéacs imscrúduithe, chomh maith le mí-úsáid choiriúil fhéideartha IS.

Aithníonn an Rialtas an tábhacht a bhaineann le cur le scileanna cibearshlándála don todhchaí. Ó Dheireadh Fómhair 2018, tá Skillnet Ireland ag cur an Tionscnaimh Scileanna Cibearshlándála i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht leis an NCSC, Biúró Náisiúnta Cibearchoireachta an Gharda Síochána, mar aon le gníomhaireachtaí eile agus institiúidí tríú leibhéal. Is iad príomhaidhmeanna an tionscnaimh feasacht a fhorbairt, an bhearna scileanna a dhúnadh agus caighdeáin a leagan síos maidir le scileanna agus inniúlachtaí do róil cibearshlándála. Tá an earnáil tríú leibhéal in Éirinn ag tairiscint líon suntasach cúrsaí sa chibearshlándáil anois, agus tá roinnt cúrsaí ar leibhéal Máistreachta á dtairiscint anois. Ina theannta sin, cheadaigh an Chomhairle Printíseachta printíseacht 2 bhliain Gairmí Comhlach Cibearshlándála ag leibhéal QQI 6 agus tá sé maoinithe faoin gCiste Náisiúnta Oiliúna, agus tá roinnt cúrsaí cibearshlándála á maoiniú faoin gclár Springboard + freisin chun a athoiliúint i róil nó slite beatha malartacha a éascú dóibh siúd atá i bhfostaíocht cheana féin a éascú.

## Cuspóir

Bonneagar sonraí, digiteach agus nascachta a sholáthraíonn bunús slán d'fhorbairt agus d'úsáid IS in Éirinn

## Gníomhartha Straitéiseacha

i. iAg cothú ar thionscnaimh mar an clár EMPOWER, creat a sholáthar do rialachas iontaofa sonraí ar fud na hearnála príobháidí agus uirlisí agus modheolaíochtaí a fhorbairt chun an creat a chur i bhfeidhm. [RBATNE, FEÉ / RFTF, FÉ, IDA]

ii. Caighdeáin agus treoirlínte a fhógairt maidir le comhroinnt sonraí eiticiúil laistigh den tSeirbhís Phoiblí [RCPA / Bord Rialachais Sonraí].

iii. Méadú a dhéanamh ar infhaighteacht sonraí rialtais oscailte le haghaidh oiliúna agus tástála IS, lena n-áirítear Dúshlán Sonraí Oscailte IS [RCPA / POS] a thionól

iv. Tacair sonraí oscailte aeráide agus comhshaoil na hearnála poiblí a aithint chun forbairt réiteach IS a spreagadh le haghaidh gníomhaíochta aeráide [RCPA / RCAC, GCC, SEAI]

# Gné 8:
# Cur i Bhfeidhm Na Straitéise

## Réamhrá

Tá clár oibre cuimsitheach agus sraith gníomhaíochtaí straitéiseacha leagtha amach sa straitéis seo chun cabhrú leis an Rialtas a fhís d'Éirinn a bhaint amach mar cheannaire idirnáisiúnta maidir le IS a úsáid chun leasa ár ndaonra, trí chur chuige eiticiúil dírithe ar dhaoine maidir le forbairt, glacadh agus úsáid IS . Is straitéis Rialtais iomlán í, a mbeidh gníomhaíocht chomhordaithe ó roinnt Ranna Rialtais, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ag teastáil faoina coinne, mar atá leagtha amach sna Gnéithe ábhartha.

Tá an straitéis IS ina cuid thábhachtach den straitéis dhigiteach fhoriomlán d'Éirinn; tá na tiománaithe agus na háisitheoirí le haghaidh IS an-chosúil leo siúd le haghaidh teicneolaíochtaí digiteacha eile. Dá bhrí sin, cuirfear an straitéis IS i bhfeidhm tríd an gcreat atá á bhunú ag an Rialtas chun athrú digiteach na hÉireann a thiomáint agus a mhaoirsiú, le gníomhaíochtaí straitéiseacha ar leith faoi stiúir Ranna ainmnithe Rialtais, gníomhaireachtaí Stáit nó comhlachtaí eile, mar atá leagtha amach sna Gnéithe ábhartha.

## Maoirseacht ar Chur i bhFeidhm na Straitéise

Bunófar **Bord Comhairleach Fiontar Digiteach** chun comhairle a chur ar an Rialtas agus oibriú leis chun glacadh teicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear IS, a spreagadh. Cuimseoidh comhaltaí an Bhoird Ranna Rialtais ábhartha, ionadaithe ó FInna agus FBManna, saineolaithe IS, an IDA agus Enterprise Ireland. Beidh an tAire Stáit um Chur Chun Cinn Trádála, Rialáil Dhigiteach agus Rialáil Cuideachtaí mar chathaoirleach ar an mBord.
Déanfaidh an Bord maoirseacht ar chur i bhfeidhm eilimintí fiontraíochta na Straitéise IS. Cuirfidh sé comhairle ar an Rialtas agus oibreoidh sé freisin chun glacadh fiontar IS a spreagadh lena n-áirítear trí:

1. Measúnú a dhéanamh ar speictream reatha na n-acmhainní IS atá ar fáil don tionscal ó ionaid teicneolaíochta agus ó ghníomhaireachtaí ábhartha chun bonn eolais a chur faoi na gníomhaíochtaí is gá chun acmhainn an bhonneagair atá ann a uasmhéadú infrastructure
2. Clár IS beart maoinithe spriocdhírithe a fhorbairt d'fhiontar, mar aon le huirlisí diagnóiseacha agus tacaíochtaí comhairleacha eile maidir le glacadh IS
3. Feasacht a mhúscailt i measc gnólachtaí de gach méid - ó FBManna beaga go FInna - ar na hacmhainní atá ar fáil ó Mhoil Nuálaíochta Digiteacha na hEorpa /ionaid barr feabhais
4. Braisle nó ardán IS Náisiúnta a fhorbairt chun comhoibriú idir corparáidí ilnáisiúnta agus FBManna a spreagadh.

## Mol Nuálaíochta IS

Bunófar **Mol Nuálaíochta IS** freisin, chun gníomhú mar Chéad Stad Náisiúnta le haghaidh IS, ag soláthar saineolais agus treorach d'fhiontair ar a dturas glactha IS. Beidh sé ar cheann de cheithre Mhol Nuálaíochta Digití Eorpacha (MNDEnna) ar leibhéal náisiúnta a bhunófar in Éirinn mar chuid den líonra ar fud an AE a sheolfar i mBealtaine 2021. Cuirfidh Mol Nuálaíochta IS seirbhísí uasoiliúna, nuálaíochta agus comhairleacha ar fáil (lena n-áirítear i réimse na gcaighdeán, cosaint sonraí agus comhlíonadh rialála) d'fhiontair agus d'údaráis phoiblí i réimsí atá ailínithe le IS, chomh maith le rochtain a thairiscint ar shaineolas teicniúil, áiseanna taighde agus tástáil. Tabharfaidh sé rochtain freisin ar gorlanna FBManna, ag soláthar rochtana ar bhonneagar, teicneolaíochtaí agus leapacha tástála.

## Muinín an Phobail in IS a chur chun cinn

Beidh sé riachtanach go n-éireoidh leis an straitéis IS muinín an phobail in IS agus teagmháil leis a chothú. Ceapfaidh an Rialtas **ambasadóir IS** chun feasacht a chur chun cinn i measc an phobail agus na ngnólachtaí ar an acmhainneacht a chuireann IS ar fáil, ag fónamh mar churadh IS mar fhórsa dearfach don gheilleagar agus don tsochaí. Beidh ambasadóir IS ina bhall den Bhord Comhairleach Digiteach Fiontar, agus gheobhaidh sé tacaíocht ina chuid oibre ón mBord agus ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

## Glacadh IS ag an Seirbhís Phoiblí a chur chun cinn

Tá sé beartaithe ag an Rialtas **Bord Soláthair GovTech** a bhunú, a threoróidh claochlú digiteach na seirbhíse poiblí. Breithneoidh an Bord glacadh IS ag an tseirbhís phoiblí mar chuid dá cuid oibre

## Caighdeáin le haghaidh IS a chur a chun cinn

Tá Foireann Uachtair um Chaighdeáin le haghaidh IS curtha ar bun chun ceannaireacht idirnáisiúnta na hÉireann i bhforbairt Caighdeán IS a leathnú. Faoi stiúir an NSAI, tá an Fhoireann Uachtair ag obair leis an saol acadúil, leis an tionscal agus le rialtóirí chun treochlár a fhorbairt do Chaighdeáin IS.

## Athbhreithniú Leanúnach ar an Straitéis

Beidh an Straitéis seo sofhreagrach agus solúbtha, ag teacht leis na teicneolaíochtaí atá ag forbairt go tapa agus na saincheisteanna a gcaithfidh sí aghaidh a thabhairt orthu. De réir mar a fhorbraíonn teicneolaíochtaí agus feidhmchláir IS, d'fhéadfadh go mbeadh gá le cur chuige agus tionscnaimh nua nach féidir linn a thuar inniu. Chun an sofhreagracht seo a cheadú, forbróidh an Rialtas plean gníomhaíochta mionsonraithe, chun cur i bhfeidhm na straitéise a chur chun cinn, agus déanfar an plean gníomhaíochta seo a nuashonrú gach bliain chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dheiseanna atá ag teacht chun cinn.



# Gluais Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| IS | Intleacht Shaorga |
| LMISI | Liosta Measúnachta um Intleacht Shaorga Iontaofa |
| CAHAI | Coiste Ad Hoc ar Intleacht Shaorga |
| CICT | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí |
| CIC | Cibearshlándáil agus Iniúchadh Cibearchoireachta |
| CeADAR | Ionad Náisiúnta na hÉireann don Intleacht Shaorga Fheidhmeach |
| CEN | Coiste Eorpach um Chaighdeánú |
| CENELEC | Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil |
| CEPEJ | Coimisiún Eorpach um Éifeachtúlacht an Cheartais |
| GADC | An Grúpa Athbhreithnithe ar Dhlí Cuideachtaí |
| IOT | Ionaid um Oiliúint Taighde |
| POS | an Phríomh-Oifig Staidrimh |
| RTBM | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara |
| RGE | an Roinn Gnóthaí Eachtracha |
| RLCMLÓ | an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| DCU | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath |
| RFTF | an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta |
| RCAC | an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| DESI | an tInnéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach |
| RBATNE | an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| DFKI | Ionad Taighde na Gearmáine um Intleacht Shaorga |
| MND | Mol Nuálaíochta Digití |
| RO | an Roinn Oideachais |
| RDC | an Roinn Dlí agus Cirt |
| RS | An Roinn Sláinte |
| MTCS | Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí |
| RCPA | an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| RTCEGSM | an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán |
| CNTD | Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha |
| MNDEnna | Moil Nuálaíochta Digití Eorpacha |
| SGRST | an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí |
| FÉ | Fiontraíocht Éireann |
| GCC | an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| EEC | Eagraíocht Eorpach um Chaighdeánú |
| ETSI | Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide |
| AE | An tAontas Eorpach |
| BO | Breisoideachas agus Oiliúint |
| CNCM | Ceantar Nuálaíochta na Canálach Móire |
| OTI | Olltáirgeacht Intíre |
| RGSC | an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |

| | |
|---|---|
| GSR ar CAUM | Grúpa Saineolaithe Rialtais na Náisiún Aontaithe ar Chórais Arm Uathrialaitheach Marfach |
| CDIS | Comhpháirtíocht Dhomhanda um IS |
| SGÉ | Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann |
| A | Ardoideachas |
| ÚA | an tÚdarás um Ard-Oideachas |
| IB | Institiúidí Breisoideachais |
| GAS | Grúpa Ardleibhéil Saineolaithe IS AE |
| HPC | Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| MT | Measúnachtaí Tionchair |
| IÉRA | Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| IEC | Coimisiún Idirnáisiúnta Leictriteicniúil |
| CT | Comhaltacht Tionscail FEÉ |
| IMR | Irish Manufacturing Research |
| MI | Maoin Intleachtúil |
| TTLEC | Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne |
| CTÉ | an Chomhairle um Thaighde in Éirinn |
| ISO | Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán |
| ITÉ | Idir-Thrádáil Éireann |
| MOOC | Ollchúrsa Oscailte Ar Líne |
| FI | Fiontar Ilnáisiúnta |
| NSAI | An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann |
| ECFE | an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta |
| OSR | an Oifig um Sholáthar Rialtais |
| ONE-AI | Gréasán Saineolaithe um Intleacht Shaorga ECFE |
| CRMÉ | Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn |
| T&N | Taighde agus nuálaíocht |
| CET | an Coiste um Eitic Thaighde |
| ÁTTT | Áiseanna Tástála Tagartha agus Turgnamhaíochta |
| ÚFIÉ | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| FEÉ | Fondúireacht Eolaíochta Éireann |
| FBM | Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide |
| ETIM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic |
| OTBÁC | Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath |
| COC | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh |
| COBÁC | an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath |
| NA | Náisiúin Aontaithe |
| UNGP | Prionsabail Threoracha maidir le Gnó agus Cearta an Duine NA |
| MIS | Mná in IS |
| EDMI | an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil |

# Liosta na nEagraíochtaí a ndeachthas i gcomhairle leo

Léiríonn an liosta thíos na heagraíochtaí a ghlac páirt sa mar pháirtithe leasmhara thar raon rannpháirtíochtaí i bhforbairt na straitéise seo. Cuimsíonn an raon rannpháirtíochtaí cruinnithe comhchéime, fóraim, ceardlanna, cruinnithe déthaobhacha, i measc imeachtaí eile. Ní liosta uileghabhálach é agus b'fhéidir nár ghabh sé gach eagraíocht a ghlac páirt i bhforbairt na straitéise. Tá na haighneachtaí i scríbhinn don straitéis ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag:

https://enterprise.gov.ie/en/Consultations/Public-Consultation-Development-of-a-National-Strategy-on-Artificial-Intelligence.html

- 30% Club
- Accenture
- AJH Emerging Technology Intelligence
- Allied Irish Banks
- American Chamber of Commerce
- Arvoia
- Cainthus
- CarTrawler
- CeADAR Ionad Náisiúnta na hÉireann don Intleacht Shaorga Fheidhmeach
- Banc Ceannais
- Chambers Ireland
- Concern Worldwide
- CONFIRM Centre (AIT)
- CONSUS (Crop Optimisation through Sensing, Understanding & viSualisation)
- CR Robotics
- an Coimisiún um Chosaint Sonraí
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
- an Roinn Cosanta
- an Roinn Oideachais
- an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide
- an Roinn Airgeadais
- an Roinn Gnóthaí Eachtracha
- an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
- An Roinn Sláinte
- an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
- an Roinn Dlí agus Cirt
- an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
- Department of Social Protection
- Roinn an Taoisigh
- an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán
- an Roinn Iompair
- Digital Skills Global
- Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath
- Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Scoil Ríomhaireachta Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Scoil Innealtóireacht Leictreonaigh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Edgetier
- Cumas Éireann
- Fiontraíocht Éireann
- Fotonation / Xperi
- FourThereom
- Freedomtech
- FTI Consulting
- Genesys
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Ibec
- IBM
- ICT Skillnet
- IDA Ireland
- I-Form Advanced Manufacturing Research Centre
- an Grúpa um Thaighde agus um Fhorbairt Tionsclaíochta
- Ionad Anailísíochta Sonraí Insight
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn
- Insurance Ireland
- Intel
- Idir-Thrádáil Éireann
- Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil
- Cumann Ríomhaireachta na hÉireann/ Fondúireacht CRÉ
- Comhdháil na gCeardchumann
- Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

- Foras um Gnó Digiteach
- Irish Manufacturing Research
- Irish Marie Skłodowska-Curie Office
- Comhlachas Ghnóthas Beag agus Meánmhéide na hÉireann
- Cumann Ollscoileanna Éireann
- Jaguar Land Rover
- Kerry Group
- Dlí-Chumann na hÉireann
- Learnovate
- Roinn Ríomhaireachta, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
- Lincoln Recruitment
- Live tiles
- Mason Hayes Curran
- Mastercard Labs
- Met Éireann
- Microsoft
- an Chartlann Náisiúnta
- An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann
- Scoil Ríomheolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
- Roinn Ríomheolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad
- Scoil Gnó, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad
- Nokia Bell Labs
- Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais
- Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
- Fondúireacht Eolaíochta Éireann
- Ionad um Oiliúint trí Thaighde i Meaisínfhoghlaim Fondúireacht Eolaíochta Éireann
- ServisBot
- Skillnet Ireland
- Comhlachas na nGnólachtaí Beaga
- SOLAS
- Swrve
- Talent Garden
- Tech Ireland
- Scoil Ríomheolaíochta, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- Ionad ADAPT
- an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
- Scoil Ríomheolaíochta agus Staitisticí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Scoil Ealaíona Cruthaitheacha, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Truata
- Ubotica
- Scoil Ríomheolaíochta agus TF, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Scoil Ríomheolaíochta, Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Scoil um Staidéar Fáisnéise agus Cumarsáide, Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Ollscoil Luimnigh LERO, Ionad Taighde ar Bhogearraí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann
- Version1
- Vodafone
- Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, Grúpa Córas & Bogearraí Teileachumarsáide
- Webio

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland